



Comhairle Chontae Na Gaillimhe Tuarascáil Bhliantúil 2007



CLÁR ÁBHAR

RÁITEAS MISIN	02
TEACHTAIREACHT ÓN MÉARA	03
TEACHTAIREACHT ÓN MBAINISTEOIR CONTAE	04
COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE 2007	05
EOLAS GINEARÁLTA	08
TÉAMAÍ CORPARÁIDEACHA	10
AN TAONAD UM GHNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA & CULTÚIR	11
AN TAONAD FORBARTHA POBAIL, FIONTAIR & EACNAMÁÍOCHTA	16
AN TAONAD SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL, TRÉIDLIACHTA & UISCE	21
AN TAONAD BÓITHRE & IOMPAIR	24
AN TAONAD TITHÍOCHTA & ÉIGEANDÁLA	32
AN TAONAD UM PLEANÁIL & FORBAIRT INBHUANAITHE	36
AINMNITHIGH NA COMHAIRLE CHUN COISTÍ AGUS COMHLACHTAÍ EILE	40
COMHDHÁLACHA A NDEARNA COMHALTAÍ FREASTAL ORTHU	42
COISTÍ POLASAÍ STRAITÉISIGH	46
PRÍOMH-OIFIGIGH NA COMHAIRLE	47
OIFIGÍ CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE	49
ÚDARÁIS ÁITIÚLA EILE SA CHONTAE	49
TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE	50
AN SCÉIM UM RANNÍOCAÍOCHT FORBARTHA A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA	54
RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL	55


Nóta Tábachtach:

Tá cóipeanna den Tuarascáil Bhliantúil ar fáil i malairt formáide Tá Bileog Achoimre ar fáil chomh maith.

RÁITEAS MISIN



“SEIRBHÍSÍ CUIMSITHEACHA ÚDARÁIS
ÁITIÚIL A SHEACHADADH DO CHONTAE NA
GAILLIMHE TRÍ CHEANNAIREACTH
ÉIFEACTACH POBAIL AGUS IONADAÍOCHT
DHAONLATHACH”



TEACHTAIREACHT Ó MHÉARA NA GAILLIMHE



Is mór an t-údar áthais dom mar Mhéara Chontae na Gaillimhe, an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2007 a chur i láthair thar ceann Údaráis Áitiúla na Gaillimhe.

Tugann an tuarascáil mionsonraí faoi sholáthar roinnt tionscadail infrastruchtúir éagsúla, ar nós bóithre, tithíocht, uisce agus séarachas agus saoráidí áineasa i rith 2007. Tá na tionscadail sin riachtanach ó thaobh forbairt na tíre amach anseo agus le freastal a dhéanamh ar an éileamh atá ag ardú ar sheirbhísí ar ardchaighdeán. Leanadh ar aghaidh leis na gnáthsheirbhísí laethúla chomh maith fad is a bhí aghaidh á tabhairt ar an éileamh a bhí seasta ag méadú.

Déanaimid ár ndícheall, mar údarás áitiúil, a bheith éasca labhairt linn agus a bheith ar fáil i gcónaí do mhuintir an chontae agus táimid tiomanta d'obair a dhéanamh in éineacht lenár bpobail i gcónaí le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar. Tá an t-ádh orainn go bhfuil comhaltaí foirne chomh díograiseach agus chomh comhoibritheach sin ar fáil dúinn agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as ucht a gcuid oibre ó thaobh ár seirbhísí údaráis áitiúla a sheachadadh.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a chur in iúl don Bhainisteoir Contae, dá Foireann Bainistíochta agus dá comhaltaí foirne as an sáróbar a dhéanann siad chuile lá ar mhaithe le forbairt an chontae seo. Ba mhaith liom chomh maith buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an gComhairle as ucht a gcuid tacaíochta agus comhoibríthe i rith na mbliana a chaith mé i mo Mhéara.

Sean Canney

Méara Chontae na Gaillimhe

TEACHTAIREACHT ÓN MBAINISTEOIR CONTAE



Cuirim fáilte roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla seo don bhliain 2007 mar Bhainisteoir Chontae na Gaillimhe. Ón dáta a ceapadh mé, i mí Iúil 2007, chuaigh an clár oibre forleathan a dhéanann rannóga éagsúla na Comhairle Contae agus trí ghníomhaíochtaí comhoibríthe le an-chuid Gníomhaireachtaí agus Grúpaí go mór i gcion orm.

Ar na príomhdhúshláin os comhair an chontae, áirítear aghaidh a thabhairt ar an easnamh infrastuchtúir is léir go háirithe i réimsí seirbhísí iompair agus uisce agus ó thaobh dhul i ngleic le cuimsiú sóisialta agus forbairt pobail. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa mbliain 2007, mar a chuirtear síos air sa tuarascáil faoi iamh leis seo, i dtionscadail de luach roinnt milliúin euro, ar nós tosú na tógála ar bhóthar N6 as Gaillimh go dtí Béal Átha na Sluaighe, bronnadh an chonartha do bhóthar N6 Béal Átha na Sluaighe go dtí Baile Átha Luain agus dul chun cinn ar obair réamhchonartha ar na tionscadail N18 agus ar Éisteacht ó Bhéal thionscadal Sheachród Seachtrach Chathair na Gaillimhe. Tá na tionscadail sin rithábachtach ó thaobh inbhuanaitheacht eacnamaíochta Chontae na Gaillimhe sna blianta amach romhainn agus cuideoidh siad leis gníomhú mar mhacalla ar Bhaile Átha Cliath, rud a bhí mar fhís sa Straitéis Spáis Náisiúnta.

Leanadh ar aghaidh le huasghrádú infrastuchtúir sheirbhísí uisce an chontae, lena n-áirítear mórscéimeanna níos mó ná €60m de luach, chomh maith le huasghrádú scéimeanna faoin gClár Uisce Tuaithe. Tá an Clár Seirbhísí Uisce riachtanach ó thaobh pobail a chothú agus maidir le soláthar a dhéanamh le haghaidh a thuilleadh méadaithe agus bunriachtanas a chomhlíonadh i leith sholáthar sábháilte iontaofa uisce le n-ól agus truailliú comhshaoil a sheachaint. Is príomhthosaíocht de chuid na Comhairle Contae infheistíocht leanúnach a chur isteach sa gClár agus beidh acmhainní suntasacha ag teastáil sna blianta amach romhainn leis sin a dhéanamh.

Rinneadh dul chun cinn chomh maith i rith 2007 ar an-chuid tionscnamh a bhain le cuimsiú sóisialta, lena n-áirítear feabhas a chur ar infrastuchtúir rochtana do Phobail Oileán. Bhain an Contae gradam náisiúnta amach sa Scéim Mórtais Ceantair agus molaim na pobail sin go léir a sheas don chontae agus an iarracht shuntasach dheonach is léir ar fud an chontae sna Grúpaí Forbartha Pobail, Grúpaí Oidhreachta, Grúpaí Ealaíon, Cumainn na mBailte Sláchtmhara agus Cumainn Spóirt. Tá fianaise ar dhíograis leanúnach na Comhairle Contae ó thaobh na réimsí forbartha pobail agus cuimsiú sóisialta le feiceáil sa gcead a tugadh le haonad Cuimsiú Sóisialta a bhunú sa gComhairle Contae, cur chun cinn an Phlean Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas, obair na gClár RAPID i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe agus bunú Comhpháirtíochta Spóirt.

Tugann an Tuarascáil faoi iamh cur síos ar an-chuid réimsí eile ó thaobh baint na Comhairle Contae le soláthar seirbhíse agus caighdeán beatha sa gcontae a fheabhsú trí sheirbhísí ar nós Thithíocht, Phleanáil, agus sholáthar Comhshaoil agus Áineasa.

Thug an Chomhairle aghaidh ar dhá dhúshlán shuntasacha sa mbliain 2007. Leagadh béim ollmhór ar an tábhacht a bhaineann le soláthar sábháilte iontaofa uisce le n-ól le briseadh amach cripteaspóiríodóis ag tús 2007. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí foirne sin a raibh baint acu leis an aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin ar mhodh proifisiúnta chomh tapa agus chomh éifeachtach agus ab fhéidir leo agus tá moladh ag dul dóibh as sin.

Tháinig dúshlán eile os comhair na Comhairle i mí Iúil 2007 nuair a thit Droichead an Líonáin le linn bhuaicphointe an tséasúir turasóireachta de bharr drochaimsir nach raibh súil léi. Soláthraíodh droichead sealadach laistigh de dheich lá mar fhreagra ón gComhairle, mar thoradh ar dhúthracht agus thiomantas bhaill foirne na Comhairle a bhí ag déileáil leis an scéal agus táim féin an bhúioch díobh. Léirítear an tiomantas sin in an-chuid réimsí eile de ghníomhaíochtaí na Comhairle agus ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil le lucht bainistíochta agus comhaltaí foirne Chomhairle Contae na Gaillimhe as ucht a gcuid oibre in 2007 thar ceann mhuintir an Chontae.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith do na páirtithe leasmhara eile atá rithábachtach i dtaobh oibriú rathúil na Comhairle, go háirithe an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Iompair, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus na gníomhaireachtaí agus earnálacha a ndéantar ionadaíocht orthu ar an mBord Forbartha Contae agus páirtithe leasmhara agus soláthraithe maoinithe.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht agus do chúnamh an Mhéara, an Chomhairleoir Sean Canney agus iarrachtaí an duine a bhí ann roimhe, an Chomhairleoir Michael Mullins maidir le hobair na Comhairle Contae a chur chun cinn i rith 2007. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí tofa ar fud an chontae as ucht an oiread fírluachmhar a chuir siad le hobair an údarais áitiúil i leith ionadaíochta a dhéanamh ar a dtoghthóirí agus páirt mhór a ghlacadh i bpróiseas déanta cinntí na Comhairle.

Is féidir le Comhairleoirí, lucht bainistíochta agus comhaltaí foirne, trí obair a dhéanamh le chéile, go leor a dhéanamh chun cur le feabhsú an chaighdeán beatha agus neart a bhaint amach i gContae na Gaillimhe.

Martina Moloney
Bainisteoir Contae

COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2007

Béal Átha na Sluaighe



1

AINM

1. Comh. Michael Mullins
2. Comh. Tomas Mannion
3. Comh. James Joyce
4. Comh. Dermot Connolly
5. Comh. Joe Tierney



2

CEANTAR

- Cleaghmore, Béal Átha na Sluaighe
 Shruffane, Caltra, Béal Átha na Sluaighe
 Lawrencetown, Béal Átha na Sluaighe,
 Glennavaddogue, Aughrim Béal Átha na Sluaighe
 Ballydonagh, Cill Tormóir Béal Átha na Sluaighe



3



4

TEIL.

- 090 9642728
 090 9678212
 090 9685628
 090 9642986
 -



5

FÓN PÓCA1.

- 087 2607405
 087 6787490
 087 9591904
 086 0886160
 0868575249

Conamara



1

AINM

1. Comh. Seamus Walsh
2. Comh. Sean O'Tuairisg
3. Comh. Seosamh O'Cuaig
4. Comh. Connie Ní Fhatharta
5. Comh. Josie Conneely
6. Comh. Thomas Welby
7. Comh. Sean Kyne



2

CEANTAR

- Glann, Uachtar Ard
 Aille Thiar, Indreabhán, Conamara
 Aill na Brún, Cill Chiaráin,
 Cladhnach, An Cheathrú Rua
 Árasán 4, J. Conneelys, Market Street, An Clochán
 Cregg, Uachtar Ard,
 Clydagh, Maigh Cuilinn,



3



4

TEIL.

- 552726
 593084
 095 33428
 572140
 095 22142
 552959
 555174



5

FÓN PÓCA1.

- 087 0519884
 086 3864179
 087 2194247
 087 2311522
 087 9528808
 087 2855676
 087 6137372



6



7

Baile Locha Riach



1



2



3



4



5



6



7

AINM

1. Comh. Michael Fahy
2. Comh. Pat Hynes
3. Comh. Bridie Willers
4. Comh. Willie Burke
5. Comh. Peter Feeney
6. Comh. Michael Maher
7. Comh. Michael Regan

CEANTAR

- Caherduff, Ard Raithin
 "Dun Gaire", Bóthar an Ghoirt, Baile Locha Riach
 Grannagh, Ard Raithin
 St. Brendans Road, Port Omna
 Ballydavid, Baile Átha an Rí
 Clostoken, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe
 Bride Street, Baile Locha Riach

TEIL.

- 635177
 842399
 635425
 090 9741332
 844735
 842968
 847200

FÓN PÓCA

- 087 2456000
 087 2404404
 086 0847270
 087 2686166
 087 6812403
 086 0409208
 087 2547524

Órán Mór



1



2



3



4

AINM

1. Comh. Mary Hoade
2. Comh. Jarlath McDonagh
3. Comh. Jim Cuddy
4. Comh. Michael Carey

CEANTAR

- Baranna, Eanach Dhúin, Cor an Dola, Co. na Gaillimhe
 "Teach Sligigh, Turloughmroe
 Lydican, Carnmore, Órán Mór
 Lettera, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe

TEIL.

- 093 35763
 841411
 798136
 093 35407

FÓN PÓCA

- 087 2255979
 087 2346012
 087 6360242
 087 1741611

Tuaim



1



2



3




4



5



6



7

AINM	CEANTAR	TEIL.	FÓN PÓCA
1. Comh. Sinead Connaughton	23 Ashbrook Close, Mountbellew, Béal Átha na Sluaighe.	090 9679249	086 8577624
2. Comh. Colm Keaveney	Kilcreevanty, Tuaim	093 60586	087 6776812
3. Comh. Tiernan Walsh	Ardeevin, Baile Liam	094 9659046	086-8514674
4. Comh. Tom McHugh	Kilcolghans, Tuaim	093 28486	086 2574192
5. Comh. Michael Connolly	Moyloughmore, Maigh Locha	090 9679465	087 6829049
6. Comh. Sean Canney	Claretuam, Tuaim	093 55367	086 2513639
7. Comh. Tom Reilly	20, Trinity Court, Tuaim	093 28978	086 3627889

EOLAS GINEARÁLTA

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as ceantar riaracháin Chontae na Gaillimhe, seachas ceantar Chathair na Gaillimhe agus Chomhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe. Tá an Chomhairle freagrach as pleanáil, dearadh agus tógáil bóithre, scéimeanna soláthar uisce, saoráidí draenála, tithíocht, stáisiúin dóiteáin, leabharlanna agus reiligi. Is caomhnóir an chomhshaoil í an Chomhairle agus déanann sí iarracht, trína polasaithe pleanála agus comhshaoil, feabhas a chur ar an gcontae chomh maith lena thréithe agus a atmaisféar uathúil a chosaint. Tá ról gníomhach aici chomh maith maidir le forbairt gnóthaí tionscail, gnó, sóisialacha, ealaíon, oidhreacht agus cultúir an contae.

De réir chóras rialtais áitiúil na hÉireann, a chuimsíonn ionadaíocht dhaonlathach agus riarachán poiblí, tá ról ionadaíoch agus oibríochtúil le comhlíonadh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe mar údarás áitiúil.

Comhlíonann comhaltaí tofa na Comhairle ról ionadaíoch Chomhairle Contae na Gaillimhe go díreach. Tá tríocha comhalta (Comhairleoir) ann, a thoghtar ó chúig thoghcheantar áitiúil:-

Béal Átha na Sluaighe	5 chomhalta
Conamara	7 gcomhalta
Baile Locha Riach	7 gcomhalta
Órán Mór	4 chomhalta
Tuaim	7 gcomhalta

Toghtar na comhaltaí sin ar feadh thréimhse cúig bliana agus réachtáladh toghcháin áitiúla in 2004. Toghann an Chomhairle Méara óna Comhaltaí ag a Cruinniú Bliantúil.

Tugtar “feidhmeanna forchoimeáda” ar na feidhmeanna a chomhlíonann na Comhaltaí tofa. Leagann siad sin síos creatlach beartais, faoina n-oibríonn an Bainisteoir Contae.

Áirítear ar fheidhmeanna den sórt sin:

- Buiséad bliantúil a ghlacadh
- an Plean Forbartha Contae a chur le chéile nó a éagsúlú
- Scéim Tosaíochtaí Ligin a ghlacadh maidir le tithíocht údarás áitiúil
- Fodhlíthe a dhéanamh, a leasú agus a aisghairm
- ceadú chun airgead a fháil ar iasacht
- bóithre a fhógairt mar bhóithre poiblí

Déanann an Chomhairle a cinntí trí rún ag a cruinnithe Comhairle.

Comhlíonann an Bainisteoir contae agus a comhalta foirne ról oibríochtúil Chomhairle Contae na Gaillimhe. Tá siad freagrach as riarachán laethúil na Comhairle Contae. Comhlíonann an Bainisteoir Contae feidhmeanna ar a dtugtar na “feidhmiúcháin” agus déantar cinntí an Bhainisteora trí “Ordú Bainisteora” i scríbhinn.

Áirítear ar na feidhmeanna sin:

- tithe a ligean ar cíos
- bronnadh nó diúltú ceadúnas pleanála
- ceapachán comhalta foirne srl.,

Ní mór don Bhainisteoir Contae, agus cinntí á ndéanamh aige nó aici, gníomhú ar mhodh a thagann leis an bpolasaí atá

bunaithe ag na comhaltaí tofa, agus ag an am céanna comhairle a thabhairt do na comhaltaí maidir le feidhmíocht a bhfeidhmeanna forchoimeáda.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL ÚDARÁIS ÁITIÚIL NA GAILLIMHE

De réir an Acht Rialtais Áitiúil 2001, is í príomhfheidhm an údarás áitiúil fóram a sholáthar don ionadaíocht dhaonlathach ar an bpobal áitiúil agus ceannaireacht pobail a sholáthar don phobal. Ina theannta sin, tá sé mar fhreagracht ar an údarás áitiúil raon seirbhísí, feidhmeanna rialacháin agus forfheidmithe a sholáthar.

Leagann na tríocha ionadaí tofa creatlach don bheartas faoina oibríonn an Fhoireann Bainistíochta. Cuireann Grúpa Polasaí Corparáideach agus cúig Choiste Polasaí Straitéisigh Polasaí le chéile agus comhaontaíonn siad air. Is éard atá sna Coistí Polasaí Straitéisigh comhairleoirí tofa agus ionadaithe deonacha/earnálacha a dhéanann athbhreithniú ar bheartais agus a chuireann le chéile iad ar fud réimse feidhmeanna Comhairle. Oibríonn Foireann Bhainistíochta, ar a mbíonn Stiúrthóirí Seirbhísí agus Bainisteoir Contae ar bhonn feidhmiúcháin.

GRÚPA POLASAÍ CORPARÁIDEACH (CPG)

Is éard a bhíonn sa Ghrúpa Polasaí Corparáideach, an Méara, Cathaoirligh na gCoistí Polasaí Straitéisigh agus tugann an Bainisteoir Contae tacaíocht dó. Nascann an Grúpa Polasaí Corparáideach an obair a dhéanann na Coistí éagsúla Polasaí Straitéisigh agus gníomhaíonn sé mar ‘chomh-aireacht’ le fóram a sholáthar inar féidir staidéanna beartais a imríonn tionchar ar an gComhairle iomlán a chomhaontú le cur faoi bhráid na Comhairle ina hiomláine. Tugann an Grúpa Polasaí Corparáideach comhairle agus cúnaimh don Chomhairle agus cuireann sé tuairimí agus eolas ar fáil maidir le saincheisteanna a bhfuil imní ar an bpobal i gcoitinne fúthu. Tá ról le comhlíonadh aige chomh maith maidir le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an údarás áitiúil ina hiomláine.

COISTE POLASAÍ STRAITÉISIGH (SPC)

Cuireann struchtúr an Choiste Polasaí Straitéisigh creatlach agus deis ar fáil do na hionadaithe tofa chun a ról mar dhéantóirí beartais ar an iomlán a chomhlíonadh agus sa bheis

air sin, déanann sé éascaíocht do dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh comhpháirtíochtaí le hionadaithe leasmhara áitiúla agus ionadaithe pobail. Cuireann na Coistí seo fóram ar fáil le haghaidh cumais níos fearr agus feabhsuithe maidir le rannpháirtíocht sa ndéanamh beartais, chomh maith le hathbhreithniú agus meastóireacht beartais, ina gcuirtear cúnamh ar fáil do leasanna ábhartha eárnála agus a dtugann Stiúthóir Seirbhísí tacaíocht dó. Tá cúig Choiste bunaithe go dtí seo sa gComhairle:

- Seirbhísí Tithíochta & Éigeandála
- Bóithre agus Iompar
- Pleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe
- Seirbhísí Comhshaoil & Uisce
- Gnóthaí Corparáideacha agus Cultúir

COISTÍ CEANTAIR


Freastalaíonn an Coiste Ceantair ar gach Toghcheantar sa gContae, a bhfuil na hionadaithe tofa ón gceantar sin ina gcomhaltaí ann. Déanann struchtúr an Choiste Cheantair éascaíocht do ghné ceantair/áitiúilbhunaithe a bheith mar chuid

de sheachadadh na seirbhísí agus saincheisteanna oibríochtúla áitiúla a chruthaíonn inní do dhaoine. Pléann an Coiste Ceantair le hábhair a bhaineann le seachadadh oibríochtúil na seirbhísí údaráis áitiúil.

COMHAIRLÍ BAILE

Oibríonn struchtúir ionadaíoch agus déanta cinntí Comhairle Baile i mBéal Átha na Sluaighe, Tuaim agus Baile Locha Riach. Tá naonúr comhalta mar chuid de gach Comhairle Baile. Comhlíonann Comhairlí Baile feidhmeanna ionadaíoch tábachtacha agus léiríonn siad tuairimí a gceantair maidir le hábhair bheartais agus oibríochtúla. Is í Comhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe an tríú húdarás baile is mó sa tír ó thaobh téarmaí tíreolaíochta agus chomh maith le seirbhísí riachtanacha a sholáthar ar nós soilsíú poiblí, glanadh sráideanna, rialú forbartha agus pleanáil fhisiciúil, tá baint ag an gComhairle Baile le raon leathan gníomhaíochtaí eile, ar nós saoráidí áineasa agus fónais a sholáthar agus a chothabháil, corrrthrádail, aonach mhí Dheireadh Fómhair agus comórtas na mbaile slachtmhara.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL ÚDARÁIS ÁITIÚLA NA GAILLIMHE



TÉAMAÍ CORPARÁIDEACHA

Feidhmíonn an Plean Corparáideach 2005-2009 mar chreatlach straitéiseach le haghaidh gníomhartha a dhéanfaidh an Chomhairle amach anseo i rith na tréimhse sin agus tá sé leagtha amach i struchtúr thar shraith Téamaí a léiríonn córas leathan seachadta seirbhíse. Déantar cur síos ar na sé Théama Corparáideacha, agus na hAidhmeanna agus Cuspóirí Croilárnacha comhfhreagracha, mar a aithnítear sa Plean, sa tábla thíos.

Uimh.	Téama	Aidhmeanna	Cuspóirí Croilárnacha
1.	Forbairt Chothromaithe agus Inbhuanaithe a Bhaint Amach	Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcontae ar mhodh cothromaithe trí infrastructúr riachtanach agus pleanáil fhorchéimnitheach a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais tionscail agus phobal.	<ul style="list-style-type: none"> • Forbairt Chothromaithe a Ghnóthú • Glúin Eacnamaíochta a chur chun cinn • Infrastructúr Riachtanacha a Thógáil
2.	An Comhshaol a Chaomhnú agus a Fheabhsú	Bainistíocht a dhéanamh ar oidhreacht nádúrtha an chontae chun freastal a dhéanamh ar riachtanais phobail áitiúla faoi láthair, agus cinnte a dhéanamh de go mbeidh glúine amach anseo in ann beatha sláintiúil a bheith acu i gcomhréiteach leis an gcomhshaol mórtimpeall orthu.	<ul style="list-style-type: none"> • Inbhuanaitheacht Comhshaoil agus Forbairt Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn • Meas a léiriú ar ár nOidhreacht agus í a Chaomhnú
3.	Pobail Inbhuanaithe a Fhorbairt	Pobail áitiúla a threisiú trí shócmhainní agus acmhainní pobail trí rannpháirtíocht agus tacaíocht réamhghníomhach.	<ul style="list-style-type: none"> • Pobail Inbhuanaithe a Chruthú • Seirbhísí Pobail, For-rochtain agus Oideachas a Sholáthar • Tacú le Forbairt Phobail • An Pobal a Chosaint
4.	Cur le Cuimsiú Sóisialta agus Rialachas Áitiúil	An caighdeán saoil a fheabhsú do gach saoránach sa Chontae trí sheirbhís níos freagraí agus níos cuimsithí a sholáthar a aithníonn pobail agus a thacaíonn leo chun páirt gníomhach a ghlacadh sa tsochaí.	<ul style="list-style-type: none"> • Saoránacht Ghníomhach, Ceannaireacht agus Ionadaíocht Pobail a Fhorbairt • Cur le Cuimsiú Sóisialta agus Caipiteal Sóisialta
5.	Tacaíocht a thabhairt d'Fhorbairt Cultúir	Contae a fhorbairt ina gcothaítear an Ghaeilge agus cultúr na Gaeilge agus ina ndéantar éagsúlacht chultúir a chomórath agus ina spreagtar rannpháirtíocht sna healaíona.	<ul style="list-style-type: none"> • Forbairt Chultúir agus Turasóireachta • An Ghaeilge a chur chun cinn
6.	Cur le hÉifeachtacht agus le hÉifeachtúlacht Eagraíochtúil	Éifeachtúlacht an údaráis áitiúil a mhéadú chun pleanáil a dhéanamh dá sheirbhísí agus chun na seirbhísí sin a sheachadadh bunaithe ar éifeachtúlacht agus cuntasacht agus ar fhreastal a dhéanamh ar riachtanais a bhail foirne agus a chustaiméirí.	<ul style="list-style-type: none"> • An leas is fearr is féidir a bhaint as Poitéinseal Acmhainní Daonna • Seachadadh Seirbhíse agus Cúram Custaiméirí ar Ardchaighdeán • Éifeachtacht Eagraíochtúil • Éifeachtúlacht agus Acmhainní a Mhéadú • Obair a dhéanamh i gComhpháirtíocht

Déantar cur síos ar dhul chun cinn na heagraíochta agus an méid atá bainte amach aici don bhliain 2007 maidir le Téamaí Corparáideacha faoi gach ceanteideal Aonaid sna ranna seo a leanas.

AN TAONAD UM GHNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA & CULTÚIR



Kevin Kelly
Stúirthóir Seirbhísí

Tá an tAonad um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúir tiomanta d'fomhá chorparáideach dhearfach a fhorbairt trí sheirbhísí inniúla, proifisiúnta agus éifeachtúla a sholáthar don Chomhairle, don Bhainistíocht Shinsearach agus don phobal i gcoitinne.

Tá raon leathan de sheirbhísí éagsúla de chuid na Comhairle san Aonad agus ina measc sin tá Ghnóthaí Corparáide, Córais Faisnéise, Seirbhísí Leabharlainne, Seirbhísí Díl, Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Seirbhís Rúnaíochta Corparáide atá mar thacaíocht don Chomhairle.

Cuirtear Dul Chun Cinn agus an méid atá bainte amach ag an Aonad i láthair thíos faoi na Téamaí

TÉAMA 3: POBAIL INBHUANAITHE A FHOBAIRT

CLÁR SEIRBHÍSÍ FORBARTHA LEABHARLAINNE

Seachadtar an tSeirbhís Leabharlainne, a bhfuil stór leabhar de bhreis agus 200,000 inti, trí líonra de thríocha Leabharlann Bhraíne. Bíonn gach brainse ar oscailt ar an Satharn agus tá rochtain ag an bpobal ar an tseirbhís ar an idirlíon. D'éirigh leis na Seirbhísí Leabharlainne dul chun cinn forleathan a dhéanamh in 2007 lena n-áirítear

- Osclaíodh leabharlann phoiblí nua don phobal i mBaile Bán i mí Eanáir.
- Thosaigh Spás Ealaíon an Chlocháin ag feidhmiú mar is ceart i Leabharlann an Chlocháin agus cuireadh taispeántais agus seisiúin léitheoireachta ar bun agus ina measc bhí

roinnt d'imeachtaí Fhéile Ealaíon an Chlocháin.

- D'oscail Leabharlann nua Chill Rónáin ar Inis Mór, Árainn don phobal i mí na Bealtaine. Cuireadh an leabharlann nua ar fáil le comhoibriú Chomharchumann Forbartha Árann Teo. agus Údarás na Gaeltachta.
- D'aistrigh Leabharlann na Gráige go háitreabh nua atá á roinnt acu le Comhar Creidmheasa na Gráige. Tugadh an tionscadal seo chun críche le comhoibriú Chomhar Creidmheasa Bhaile Locha Riach.
- D'oscail Méara Chontae na Gaillimhe Leabharlann nua Átha Cinn go hoifigiúil i mí Aibreáin.
- Tháinig tógáil Leabharlann nua Dhún Mór go mór chun cinn in 2007 agus críochnaíodh í i 2008.
- D'ullmhaigh ailtirí doiciméid dearaidh/sceitsí don Leabharlann atá molta don Chreagán.



Bronnach Gradaim Feabhas Trí Dhaoine 2007

- Thug An Roinn Comhshaoil, Oidreacht agus Rialtais Áitiúil Ceadú-i-bPrionsabal do shaoráid leabharlaine nua i mBéal Átha na Sluaighe. Beidh sé i gceist cuid d'áitreabh an tsean-Chlochair a úsáid don leabharlann.
- Cuireadh iarratas isteach chuig An gComhairle Leabharlanna ar dheontas chun feithicil nua a fháil don leabharlann shoghluaiste in áit an cheann atá ann faoi láthair.
- D'athchóirigh Comhairle Pobail Mhaigh Locha an tAonad Pobail i Maigh Locha tá an t-áitreabh ina bhfuil Leabharlann Mhaigh Locha níos fearr.
- Thug na hIonaid Eolais faoin AE atá i Leabharlanna Bhéal Átha na Sluaighe agus na Ceathrún Rua teacht dhíreach don phobal ar an mBriséil.

SAORÁIDÍ ÁINEASA AGUS TAITNEAMHACHTA

Is gné thábhachtach é an Creat Áineasa agus Taitneamhachta don chur chuige fhoriomlán sóisialta agus pobail atá á chothú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

- Chuir an Chomhairle maoiniú ar fáil do lucht Ealaíne agus Oidhreacht Bhaile Átha an Rí Teo chun Aonad Oidhreacht Bhaile Átha an Rí a fheidhmiú in 2007. Osclaíodh Ionad Oidhreacht Eachroma i rith an tsamhraidh.
- Chuir an Chomhairle fáil an 2.5 acra talaimh do chríocha taitneamhachta i gcóir tríd an bpróiseas Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh.
- Síníodh conarthaí agus cuireadh tús leis na hoibreacha ar Shiúlóid Locha Bhaile Locha Riach.
- Osclaíodh bealach siúil Bhealach na Gaeltachta go hoifigiúil i mí Aibreáin.
- Tá áit shúgartha anois sna háiteanna seo a leanas; An Clochán, Cloch na Rón, An Cloigeann, Mám, Sraith Salach, An Teach Dóite, An Caiseal, Béal Átha na Sluaighe (3), An Cnoc Breac, Tuaim, Maigh Locha, Gleann na Madadh, Béal Átha Mó, Baile Liam, Baile Locha Riach (2), Baile Átha an Rí, Port Omna, Órán Mór, Párc Rinn Mhaoile agus Inis Bó Finne. Chuir an Chomhairle féin na háiteanna súgartha seo ar fáil nó chabhraigh sí trí mhaoiniú agus/nó soláthar Árachais a chur ar fáil.
- Tá an Chomhairle i mbun comhchomhairle leanúnach leis an An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasoireacht maidir le linn snámha atá molta i mBaile Locha Riach agus táthar ag fanacht le ceadú.
- Cuireadh an Creat Áineasa agus Taitneamhachta i láthair an Choiste Polasaí Straitéisigh agus Comhaltaí an Bhoird agus ceadaíodh é. Fuarthas 54 aighneacht mar thoradh ar iarratais aighneachtaí ón bPobal.

DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Thug an Chomhairle cúnamh do 2,396 mac léinn faoin Scéim Deontais Ardoideachais don bhliain acadúil 2006/07. Is €11.7m a bhí i gcaiteachas 2007 don bhliain acadúil 2006/07.

SCÉIM MAOR POBAIL

Is seirbhís aonfhoirmeach de chuid an údarás áitiúil í seirbhís na Maor Pobail agus tá réimse d'fheidhmeanna an údarás áitiúil faoina gcúram, lena n-áirítear: Forfheidhmiú m.sh. cionta tráchtach reachtúla, diúscairt dramhaíola/dumpáil mhídhleathach; Monatóireacht m.sh. eastáit tithíochta, saoráidí taitneamhachta

poiblí; Cabhair m.sh. do thurasóirí, d'aoisigh, do chomharsanachtaí, do phobail; Faireachán agus Tuairisciú orthu sin ar fad. Léiríonn an tábla seo a leanas torthaí na Maor Pobail in 2007.

Ceannteideal	Rannóg	An Gníomh A Tógadh
Feithicilí tréigthe/dóite amach	An Rannóg Comhshaoil	Aistríodh 371 feithicil ón áit a raibh siad siad fágtha.
Cionta tráchtach reachtúla	An Rannóg Bóithre	Eisíodh 2025 fineáil.
Cionta bruscair	An Rannóg Comhshaoil	Eisíodh 566 fineáil.
Diúscairt dramhaíola/Dump áil mhídhleathach	An Rannóg Comhshaoil	Eisíodh 232 fógra reachtúla faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola.
		Rinne an Chomhairle glantachán in 229 cás. Cuireadh cás amháin chun na cúirte.
Corr-thrádáil	An Rannóg Ilchuspóirí	Rinneadh 972 iniúchadh.
Rinne An Roinn Comhshaoil, Oidreacht agus Rialtais Áitiúil luach 33% de chostas na Scéime Maor Pobail a mhaoiniú in 2007.		

TÉAMA 4: CUR LE CUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS RIALACHAS ÁITIÚIL

CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí a chur le chéile do Chontae na Gaillimhe ar fad seachas Cathair na Gaillimhe. Bainistíonn an tAonad um Ghnóthaí Chorporáideach & Cultúir an Clár a thagann i bhfeidhm ón 15ú Feabhra gach bliain.

- Foilsíodh Clár na dToghthóirí an 1ú Feabhra 2007. Bhí 128,140 duine ar an gclár. Foilsíodh forlíonadh don Chlár seo in am don Oll-Toghchán a tharla an 25ú Bealtaine 2007. Bhí 919 toghthóir ar an bhForlíonadh agus thug sin líon na dtoghthóirí ar fad a bhí cláraithe don tréimhse 2007/2008 go 129,059.

PLEANÁIL AGUS TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

- Bhí seacht gcruinniú ag an nGrúpa Polasaí Corparáideach in 2007.
- Bhí dhá chruinniú ag SPC an Aonaid um Ghnóthaí Corparáideacha & Cultúir in 2007.
- Tugadh Clár na hEitice cothrom le dáta i rith na bliana maidir le comhaltaí agus le comhaltaí foirne cuí.

ROCHTAINÉACHT AGUS DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe €531,144 ón Roinn Comhshaoil, Oidreacht & Rialtais Áitiúil faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais. Thug an maoiniú seo deis dóibh a thuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh ar rochtaineacht an Halla Contae agus áiteanna eile ar fud an Chontae.



Baill foirne a rinne an Teastas Eorpach sa Ghaeilge.

Back (l-r) : Mairead O'Malley, Joe Dempsey, John Leahy, Rita Gately, Maeve Murray, Sara McDermott, Grainne Smyth.
Seated (l-r): Marian Donohue (Training Officer), Ann Sweeney, Clare Gavin Eileen O'Connor.

Glacadh le Plean Gnímh Míchumais 2007 – 2015 a leag amach tiomantais na Comhairle chun rochtaineacht thar na trí réimse seo a leanas a fheabhsú – an timpeallacht thógtha, seirbhísí do chustaiméirí agus rochtain ar eolas trí Theicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise.

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cur oiliúint ar fáil don fhoireann maidir le feasacht ar rochtaineacht agus ag an am céanna leathadh teicneolaíocht chuiditheach agus closleabhair amach chun na leabharlann tríd an líonra Leabharlann. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin sa bhealach ina bhfuiltear ag tabhairt faoi inrochtaineacht inár gcuid bailte agus sráidbhalte.

TÉAMA 5: TACAÍOCHT A THABHAIRT D'FHORBAIRT CULTÚIR

AN GHAELGE Á CHUR CHUN CINN

Is i gContae na Gaillimhe atá an Ghaeltacht is mó sa tír agus dá bhrí sin tá dualgas ar an údarás áitiúil a bheith gníomhach maidir le cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge. Tá an Chomhairle tiomanta a chinntiú go bhfuil na seirbhísí poiblí atá á soláthar trí Ghaeilge ar chaighdeán níos airde agus ar fáil níos éasca.

Tá a ndualgais reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 á gcomhlíonadh ag an gComhairle agus tá an Scéim Teanga 2005-2008 á cur i bhfeidhm acu trí fheabhas a chur ar an tseirbhís trí Ghaeilge atá ar fáil acu.

Rinne an Chomhairle dul chun cinn le dréacht de Phlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta – an chéad plean dá leithéid a déanadh do cheantar Gaeltachta sa tír. Déanfar dian-

chomhchomhairle a bheidh tábhachtach leis an bpobal.

Lean an Chomhairle ag comhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga agus leis an bpobal o thaobh dhéileáil le haon saincheist a ardaítear i dtaobh sheirbhísí trí Ghaeilge agus Coiste Logainmneacha Chontae na Gaillimhe.

Lean an Chomhairle ag tabhairt tacaíochta don chomórtas 'An Baile Beo' i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus do dhámhachtana bliantúla na nÚdarás Áitiúil arna bronnadh ag Glór na nGael. Tugann an dhá dhámhachtain sin aitheantas d'iarachtaí pobail an Ghaeilge a chun chun cinn agus a fhorbairt ina gceantair féin.

SEIRBHÍSÍ LEABHARLANN – IMEACHTAÍ OIDEACHAIS AGUS CULTÚIR

- Bhí na Leabharlanna Brainse páirteach sa chlár náisiúnta READISCOVER (Tabhair cuairt ar do leabharlann áitiúil). Áiríodh cuairt ó údair, seisiúin léitheoireachta agus cur chun cinn leabhar ar an bhfeachtas seo a bhí ar siúl ar feadh seachtaine ag tús mhí an Mhárta 2007.
- D'eagraigh gach Leabharlann Brainse Club Léitheoireachta Samhraidh do dhaoine óga le linn mhí Iúil agus Lúnasa agus is éard a bhíonn i gceist ná go dtugtar spreagadh do gach leanbh oiread áirithe leabhair a léamh i rith na saoire.
- Ghlac gach Leabharlann páirt i seachtain náisiúnta na Leabhar do Leanaí a bhí ar siúl le linn mhí Mheán Fómhair.
- Is cuid d'obair na Leabharlanna Brainse arb áit fhoghlama, eolais agus fáilte iad, imeachtaí sainiúla a chur ar siúl i rith na bliana. taispeántais, clubanna leabhar, seisiúin léitheoireachta agus léachtaí i measc na n-imeachtaí seo .



Oifigí nua Bhaile Locha Riach oscailte ar Sráid na Bearice, Baile Locha Riach i 2007

TÉAMA 6: CUR LE HÉIFEACTHAGH AGUS LE HÉIFEACTHÚLAGH EAGRAÍOCHTÚIL

CÓRAIS FAISNÉISE

Cuireann an Rannóg C.F. seirbhísí cothabhála agus tacaíochta do Theicneolaíocht Cumarsáide & Faisnéise ar fáil ar fud na hEagraíochta. Rinneadh infheistíocht mhór sna tionscadail seo a leanas in 2007.

- Tá méadú tagtha ar chumas an líonra ó thaobh clúdaigh, teacht aniar agus acmhainneachta. Cuireadh seirbhísí cianrochtaine ar fáil agus is féidir cian-oibriú le linn taistil gan cur isteach ar shlándáil an chórais. Tá seirbhísí breise ar fáil i leabharlanna agus in oifigí poiblí.
- Leanann láithreán gréasáin na Comhairle léi ag fás ó thaobh inrochtaine, ábhair agus seirbhísí idirghníomhacha. Leathnaíodh seirbhís na n-íocaíochtaí ar líne agus leagadh próisis nua amach lena chinntiú go mbeadh eolas iomchuí á fhoilsiú agus á fhoilsiú go tráthúil.
- Rinneadh uasghrádú ar chórais bhainistithe na ndoiciméad corparáideach ar fud na hEagraíochta.
- Leathnaíodh stóras na sonraí corparáide leictreonacha m.sh. Líonra an Limistéar Seirbhíse
- Cuireadh leis an éifeachtúlacht inmheánach tríd an ardán cruca-earraí a chuíchóiriú agus trí na bogearraí a dháileadh.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Is Rannóg neamhspleách í an Rannóg Iniúchta Inmheánaigh a bhaineann leis an Aonad Corparáide agus Cultúir agus a chuireann seirbhís chomhairliúcháin ar fáil don lucht bainistíochta agus don eagraíocht ar fad. Sa Rannóg seo déantar iniúchadh agus athbhreithniú ag úsáid an plean iniúchta bliantúil a socraíodh le gach Stiúrthóir Seirbhíse. Áirítear scrúdú ar na córais rialaithe inmheánacha atá i bhfeidhm ar na hiniúchtaí atá sa phlean lena chinntiú go mbeidh siad éifeachtúil ó thaobh leasa agus sócmhainní na n-eagraíochta a chosaint.

Ina theannta sin, tá sé mar fheidhm ag an Rannóg a chinntiú go bhfuil Luach ar Airgead á sheachadadh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus go bhfuil sí ag cloí go hiomlán leis na rialacha agus na rialacháin. Seo a leanas cuid de thorthaí 2007:

- Cuireadh críoch le roinnt iniúchtaí i rith na bliana.
- Rinneadh cuid de na hIniúchtaí roimhe sin a athbhreithniú.
- Táthar i mbun athbhreithnithe ar nósanna imeachta seiceála na Comhairle.
- Rinneadh athbhreithniú ar cheist foirne na Rannóige Iniúchta Inmheánaigh.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ NA ROINNE ACMHAINNÍ DAONNA

Tá raon leathan feidhmeanna bainistíochta acmhainní daonna ag an Roinn Acmhainní Daonna. Cinnteoidh an Roinn go mbeidh foireann leordhóthanach ann le cuspóirí na heagraíochtaí a bhaint amach agus an fhoireann a spreagadh mar fhostaithe luachmhara de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe ionas gur féidir leo a gcumas iomlán a bhaint amach. Is gnách leis an Roinn a bheith ag earcú agus ag roghnú fostaithe do raon leathan post san eagraíocht lena n-áirítear oibríthe ginearálta, gráid chléirigh/riaracháin agus gráid ghairmiúla/teicniúla.

OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE

Leanann an tAonad Oiliúna sa Roinn Acmhainní Daonna ag cur raon leathan de chúrsaí oiliúna ar fáil dá fhoireann ar fad i gcomhar lena Phlean Oiliúna & Forbartha Bliantúil. Cuireadh cúrsaí oiliúna oiriúnacha ar fáil, ar an láthair oibre agus lasmuigh, lena chinntiú go mbeidh sé ar chumas na foirne déileáil leis na dúshláin a bhaineann i gcónaí le soláthar seirbhíse atá dírithe ar chustaiméirí agus atá éifeachtach ó thaobh costais.

Caitheadh 6.22% de chostais phárolla iomlána ar oiliúint agus

ar fhorbairt in 2007.

Cuireadh 3493.50 lá oiliúna ar fáil do bhaill foirne in 2007.

Bronnadh gradam An Scoth Trí Dhaoine ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe tar éis measúnú a rinneadh ar nósanna imeachta agus ar chleachtais Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mí Mheán Fómhair 2007.

EARCÚ FOIRNE

Mar thoradh ar obair na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil rinneadh go leor daoine a earcú i rith 2007.

Fógraítear folúntais sa phreas áitiúil agus/nó náisiúnta agus ar láithreán gréasáin na Comhairle: www.galwaycoco.ie agus ar láithreán gréasáin an Rialtais Áitiúil

www.localgovernmentjobs.ie. Ina theannta sin, bíonn deiseanna ag daoine san eagraíocht cur isteach ar ardú céime agus eagraítear agallaimh do na poist sin.

Líon na gComórtas Earcaíochta a bhí ann i rith 2007: 85
An líon iarratas a Fuarthas i rith 2007: 635

LEAS NA FOIRNE

Leanann an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ag cur scéimeanna leasa foirne ar fáil d'fhostaithe nua chomh luath agus a cheaptar iad.

CAIDREAMH TIONSCAIL

Bíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i dteagmháil seasta le ceardchumann mar IMPACT, SIPTU & SIPTU LAPO. Déantar saincheisteanna a phlé go comhoibríoch agus go hoscailte de ghnáth.

Líon na bhFostaithe an 31/12/2007	
Bainistíocht	8
Foireann Cléireachais/Riaracháin	352
Foireann Innealtóireachta/Teicneolaíochta/Ghairmiúl	122
Foireann Fheidhmeach agus Allamuigh	611
Foireann nach bhfuil faoi chúram na Roinne Comhsh. agus Rialtais Áitiúil	210
Foireann Conartha/Shealadach/Sheasúrach	186

Fuarthas i suirbhé foirne a rinne sainchomhairleoirí FGS le déanaí go molfadh 90% dóibh siúd a d'fhreagair é Comhairle Chontae na Cathrach mar ionad oibre maith.

SEIRBHÍSÍ COMHAIRLE DLÍ

Chuir an Roinn seirbhísí dlí ar fáil i gcás gach réimse den chlár, agus ina measc sin tá ceannach agus díol maoin, seoladh dlíthíochta lena n-áirítear ionchúisimh sa Chúirt Dúiche, dlíthíocht na Cúirte Cuarda agus na hArd-Chúirte, lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach. Bhí obair mhór i gceist ach go háirithe i gcás fáil Éigeantach agus ullmhúchán d'éisteacht ó bhéal agus i gcás eadrána ar thailte atá riachtanach chun bealaí idiruirbeacha a thógáil.

SPÁS OIFIGE

Bhí dul chun cinn leanúnach i rith na bliana maidir le spás oifige a sholáthar agus a fheabhsú;

- D'oscail Oifig Réigiúnacha Bhaile Locha Riach don phobal an 4ú Iúil 2007.

- Rinneadh scartáil ar na foirgnimh a bhí ar láthair na n-oifigí nua i dTuaim.
- Ceannaíodh Oifig Réigiúnach na Ceathrún Rua ó Údarás na Gaeltachta.
- Cuireadh Spás Oifige ar fáil don Aonad Seirbhísí Uisce/Comhshaoil ag an Lárphointe, An Lios Bán.

BAINISTIÚ NA DTAIFEAD AGUS NA GCARTLANN

Suiteáladh agus cuireadh bunachar nua sonraí i bhfeidhm in 2007 chun cuidiú le smacht níos fearr a chur ar thaifid neamhreacha. Déanadh dul chun cinn mar seo a leanas;

- Bainistiú leanúnach ar aisghabháil agus ar aiscur na dtaifead neamhreacha. Rinneadh aisghair rialaithe ar 1,438 taifead in 2007.
- Rinneadh roinnt bailiúchán cartlainne beag a phróiseáil agus a chur ar mhicreascannán.
- Rinneadh dathanna na liostaí luachála a phróiseáil agus a scanadh (Céim 1)
- Seoladh bailiúchán cartlainne Bhairéad (an leagan a scanadh) i Leabharlann Bhrainse na Ceathrún Rua.

SAORÁIL FAISNÉISE

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 70 iarratas in iomlán le linn 2007 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997, arna leasú. Bhí 4 díobh sin ag iarraidh rochtain a fháil ar fhaisnéis phearsanta agus bhí 66 díobh ag iarraidh rochtain a fháil ar fhaisnéis neamhphearsanta. Leagtar amach anailís ar na cinntí a rinneadh maidir leis na hiarratais sin sa tábla seo a leanas:

Cinneadh	Líon
Iarratais a deonaíodh/a deonaíodh i bpáirt	42
Iarratais a diúltaíodh	26
Iarratais a aistríodh/a tarraingíodh siar	2

COMHPHÁIRTÍOCHT SAN ÁIT OIBRE

Tá an Coiste Comhpháirtíochta san Áit Oibre comhdhéanta d'ionadaithe bainistíochta agus ionadaithe foirne/ceardchumann atá ag obair le chéile ag déileáil le cúrsaí fostaíochta, eagraíochta agus le seachadadh seirbhísí do chustaiméirí. Chuir an Coiste a Chlár Gníomhaíochta 2006-07 i gcrích. Tugadh na trí scéim Filleadh-ar-an-bhFoghlaim a bhí ar siúl i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe agus i nGort chun críche. Scaipeadh Nuachtlitir na Comhpháirtíochta san Áit Oibre ar an bhfoireann ar fad. Chuir an Coiste Comhpháirtíochta an Scéim Deontais Oideachais LANPAG i bhfeidhm in Iúil 07 agus comhaontaíodh an Plean Gníomhaíochta Athbhreithnithe na hÁite Oibre chomh maith.

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Thosaigh Grúpa na nOifigeach Seirbhísí do Chustaiméirí ag déanamh athbhreithniú ar fhoirmeacha iarratais inmheánacha na heagraíochta rud a chuirfidh ar chumas na Comhairle a riachtanais reachtúla faoin Scéim Teanga a chomhlíonadh agus freastal ar na moltaí dea-chleachtais a rinneadh maidir le rochtaineacht agus leis an tseirbhís do chustaiméirí.

- Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar sholáthar Seirbhísí do Chustaiméirí thar an teileafón in 2007.
- Tugadh an córas lena dtugtar tuairimí Ar Líne cothrom le dáta.

AN TAONAD FORBARTHA POBAIL, FIONTAIR & EACNAMAÍOCHTA



Frank Dawson
Stúirthóir Seirbhísí

Chuir an tAonad Forbartha Pobail, Fiontair & Eacnamaíochta tacaíocht ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha le haghaidh tionscadail fiontar pobail, ealaíon agus cultúir, cuimsiú sóisialta agus spórt, trí dheontais, taighde agus comhairle a sholáthar dóibh. Rinne an tAonad maorisiú ar infheistíocht de €400,000 i gcúnamh deontais do ghrúpaí Pobail agus Deonacha ar fud an Chontae, ar infheistíocht de €130,000 do ghrúpaí Ealaíon agus Pobail agus rinne sé infheistíocht caipitil shuntasach i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe, bailte a bhaineann leis an gclár RAPID, a mhaorisiú freisin. Bhí méadú ar infheistíocht i dtionscadail Turasóireachta agus i dtionscnaimh margaíochta don Chontae mar láthair Fiontair agus rinne an tAonad é seo a chomhordú. Cuireadh infheistíocht bhreise de €150,000 sa Scéim Caipitil agus Sóisialta chun athchóiriú a dhéanamh ar na saoráidí pobail sa Chlochán, i gCluain Fearta, i nGlinsce, sa Chaisleán Nua agus i Leacach.

Chuidigh an tAonad le Bord Forbartha an Chontae an Straitéis Chontae a chur i bhfeidhm. Bhain na gníomhartha seo le gníomhaíochtaí cultúir, sóisialta agus eacnamaíochta, cuireadh béim ar mhaoiniú spriocdhírthe feabhsaithe agus tugadh tacaíocht do chomhoibriú i measc an phobail, gnó agus gníomhaireachtaí poiblí.

In 2007, ainmníodh an obair a rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an tAonad CEED i gcomhpháirtíocht le Bord Forbartha an Chontae in dhá réimse do na Gradaim Náisiúnta 'Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil' arna bronnadh ag Cumainn Tráchtála na hÉireann. Ba iad cur chun cinn Shlí Iarnróid an Iarthair agus comhthionscadail Ealaíon agus Cultúir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe na réimsí inar ainmníodh iad.

TÉAMA 1: FORBAIRT CHOTHROMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH

Tá an tAonad mar fheidhmeannaigh ar Bhord Forbartha Chontae na Gaillimhe a tháinig le chéile ceithre huairé in 2007. Éascaíodh thar 15 fo-chruinniú sa chaoi go mbeadh gníomhartha na Straitéise Contae á mbrú chun cinn. Bhí aird an Bhoird ar Leathanbhanda, an tAos Óg, ar Phobail agus ar Iompar Tuaithe freisin lena n-áirítear tacú le féidireacht Sheirbhís Iompair Tuaithe nua do Ghailimh Thuaidh. Bhí comhaltaí Bhord Forbartha an Chontae páirteach i mbunú Chomhpháirtíocht Spóirt nua do Chontae na Gaillimhe agus rinne siad aighneachtaí go leanúnach chuig an Rialtas ar mhaithe le Slí Iarnróid an Iarthair agus infheistíocht an Chiste Comhtháthaithe i dtionscadail Aosa Óg a chur chun cinn. Ainmníodh an obair atá



Oíche Gradaim Bród Ceantair Chontae na Gaillimhe 2007



déanta ag an Aonad chun forbairt Slí Iarnród an Iarthair a chur chun cinn do na Gradaim Náisiúnta 'Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil' arna bronnadh ag Cumainn Tráchtála na hÉireann.

Bhí tacaíocht ar fáil do thionscadail fiontair pobail in 2007 agus rinne an Chomhairle Straitéis Eacnamaíochta nua a dhreachtú agus a fhorghníú do Chontae na Gaillimhe. Cuireadh pacáiste margáíochta nua le chéile i gcomhar le Cumainn Tráchtála an Chontae le margáíocht a dhéanamh ar bhailte an Chontae agus scaipeadh é. Rinneadh suirbhé i gcomhar leis an bhFóram Pobail i dtaobh easpa rochtaine ar Leathanbhanda sa Chontae, rud a thug na heasnamh ba mhó sa Chontae maidir leis an Leathanbhanda chun suntais agus tugadh faoi ghníomhartha stocaireachta ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun níos mó Leathanbhanda a fháil don Chontae. Bhí príomhról ag an gComhairle i Ríomh-Sheachtain na Gaillimhe in 2007 ag cur úsáid Ríomh-Theicneolaíochta i Scoileanna, i nGnó agus sa Phobal chun cinn.

TÉAMA 3: POBAIL INBHUANAITHE A FHOBAIRT

In 2007, rinne an tAonad Forbartha Pobail, Fiontair & Eacnamaíochta (CEED) infheistíocht de €180,000 i 111 tionscadal faoin Scéim Deontais Taitneamhachta Bhliantúil agus infheistíocht de €220,000 i 58 tionscadal faoin Scéim Deontais Eacnamaíochta Pobail Bhliantúil a thugann tacaíocht do thionscadail aos óg, iompar tuaithe, ionaid pobail agus cumainn áitritheoirí ar fud an Chontae. Chuir an tAonad tacaíocht agus comhairle leanúnach ar fáil d'eagraíochtaí pobail maidir le forbairt tionscadail i rith na bliana.

AN SCÉIM MÓRTAIS CHEANTAIR

Sheas cúig phobal bhródúla ar son Chontae na Gaillimhe sa chomórtas Mórtais Cheantair na hÉireann. Is comórtas é seo atá á rith ag Co-operation Ireland i gcomhar le húdaráis áitiúla ó Thuaidh agus ó Dheas den teorainn. Is é atá mar aidhm leis an gcomórtas Mórtas Ceantair ná dea-chleachtas, nuálaíocht agus ceannaireacht a spreagadh trí phobail inbhuanaithe bhríomhara

ina mbíonn an caighdeán maireachtála níos fearr do gach aon duine. Rinne an tAonad Scéim Mórtais Cheantair an Chontae a riaradh in 2007 agus chuaigh Grúpa Ban an Mháma, Grúpaí Bhaile an Churraigh/Glinsce agus Grúpa Forbartha Pobail Chluain Bheirn isteach sa chomórtas náisiúnta. Bhain an Tionscnamh 'Burning Bright' trína thugtar ealaín isteach i dTithe Altranais agus an tAonad Forbartha Idirchultúir & Lucht Siúil an Iarthair ainmniúcháin amach.

D'éirigh le Cluain Bheirn ar bhonn náisiúnta nuair a ghnóthaigh siad gradam náisiúnta Mórtais Cheantair foriomlán ina gcatagóir féin in 2007. Fuair Cumann Forbartha Idirchultúir agus Lucht Siúil an Iarthair, Tuaim ainmniúchán as a n-iarrachtaí teacht le hathruithe ina bpobal trí sheirbhís a chur ar fáil don Aos Óg, trí oideachas agus oiliúint a sholáthar don phobal i gcoitinne agus trí sheirbhís saineúla a chur ar fáil chun dul i ngleic le riachtanais oiliúna, oideachais, fostaíochta agus tithíochta an Lucht Siúil. Bronnadh Gradam Náisiúnta sa Chatagóir Tionscadal Aonuaire ar an gCumann agus ghlac Owen Ward agus Méara Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Sean Canney, leis thar ceann an Chumainn.

TIONSCNAIMH AOS ÓG AN CHONTAE

Tugadh faoi na tionscadail Gradam Cathrach d'Aos Óg an Chontae, 'Fóram Labhartha Amach' don Aos Óg agus Comhairle na nÓg chun rannpháirtíocht an phobail, an duine aonair agus an aosa óig i bhforbairt an phobail a chur chun cinn ar fud an Chontae.

PLEANANNA LIMISTÉAR COMHTHÁITE

Fuair muintir Dhún an Uchta agus Chinn Mhara cuidiú le hathbheithniú ar a bPleananna Limistéar Comtháite agus rinne siad óstaíocht ar rannpháirtithe a tháinig ó thar lear do thionscadal Gníomhaíocht Pobail Eorpach. Rinne an tAonad maoiniú breise arbh fhiú €150,000 de chuid an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil faoin Scéim Caipitil do Shaoráidí Sóisialta agus Pobail a infheistiú freisin i gcúig tionscadal chun saoráidí pobail i nGlinsce, i gCluain Fearta, sa Chlochán, sa Chaisleán Nua agus i Leacach a fheabhsú.



Cluain Bheirn, Buaiteoirí Catagóir 4 Gradam Bród Ceantair Uile Éirinn

Cuireadh cúnaimh deontais seachtach de €50,000 breise le chéile chun tacaíocht a thabhairt don Fhóram Pobail atá mar líonra ionadaíochta do 450 eagraíocht pobail agus dheonach. Bunaíodh an post nua Oifigeach Tacaíochta don Fhóram in 2007.

CLÁIR RAPID BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE/THUAMA

Éascaíonn an Chomhairle Contae an clár RAPID agus comhoibríonn sé le Comhairlí Baile agus le gníomhaireachtaí stáit eile agus le grúpaí pobail mar chuid d'Fhoirne Feidhmithe Ceantair chun infheistiú a dhíriú ar an dá bhaile.

CLÁIR RAPID BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE/THUAMA

IN 2007 rinneadh scéimeanna CCTV pobalbhunaithe nua a fhorbairt i mBéal Átha na Sluaighe agus i dTuaim inar chuir an pobal agus An Garda Síochána léargas CCTV de limistéir lárnacha an dá bhaile ar fáil agus sin bunaithe ar infheistiocht de €380,000.

Bhain grúpaí pobail tairbhe as infheistiocht de bhreis agus €60,000 a cuireadh ar fáil dóibh chun cuidiú leo seirbhísí a sholáthar go háitiúil. Infheistíodh €250,000 as Cúnaimh Deontais na gCuntas Díomhaoine i 23 tionscadal i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe rud a d'fhág go raibh seirbhísí feabhsaithe ar fáil don aos óg, fáil níos mó ar oideachas; tacaíochtaí nua d'aosaigh agus do ghrúpaí pobail. D'éirigh le RAPID €49,500 sa bhreis a fháil ó Chuntais Dhíomhaoine ar mhaithe leis an gClár Laghdaithe Alcóil i measc an Aos Óg i dTuaim.

Bhain saoráidí spóirt Bhéal Átha na Sluaighe, Páirc Áineasa Dunlo, club CLG Bhéal Átha na Sluaighe, club Rugbaí Bhéal Átha na Sluaighe agus Páirc Uí Dhúgáin tairbhe as an Maoiniú Caipitil Spóirt. B'fhiú €455,000 an méid seo in iomlán agus thug Oifigigh RAPID cuidiú dóibh lena n-iarraitas. Chuidigh €266,000 de Mhaoiniú Giarála ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le saoráidí súgartha áitiúla a fheabhsú, bearta ceansaithe tráchta a chur isteach agus eastáit tithíochta a fheabhsú le cúnaimh maoinithe comhoiriúnacha ó Chomhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe. I dTuaim, infheistíodh €215,000 i dTionscadal Páirce agus Áit Shúgartha agus Scátála do Chomharsanacht Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Tuaim agus rinne RAPID acmhainní ó Thithíocht, ó CEED agus ón Roinn



Cumann Forbartha an Lucht Siúil & Idircultúrtha an Iarthair. Tuaim 2007, Tánaistí i dTionscnaimh Óige an Chontae.

Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a chomhordú.

Infheistíodh €66,000 sa bhreis ar Eastáit Tithíochta a Fheabhsú i dTuaim, €27,000 sa bhreis do Thionscadal Ghairdín Phobal na Páirce Móire agus €90,000 sa bhreis ar Bhearta Ceansaithe Tráchta ar an mbaile sin.

TÉAMA 4: CUR LE CUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS RIALACHAS ÁITIÚIL

AONAD CUIMSIÚ SÓISIALTA

In 2007 d'éirigh leis an Aonad Pobail, Fiontair agus Forbairt Eacnamaíochta (CEED) cead a fháil an tAonad um Chuimsiú Sóisialta a bhunú i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Beidh sé mar phríomh-ról ag an Aonaid um Chuimsiú Sóisialta polasaithe agus cleachtais chuimsiú sóisialta a neadú isteach i bhfeidhmíocht na Comhairle ó lá go lá agus oibriú le gníomhaireachtaí eile, chun tacú leis na húdaráis áitiúla agus iad ag iarraidh dul i ngleic le cuimsiú sóisialta thar réimse dá chuid gníomhaíochtaí ar bhealach atá comhtháite agus dírithe.

Cuirfidh an tAonad tacaíocht comhairleach agus taighde inmheánach ar fáil do gach Aonad sa Chomhairle Contae maidir le Cuimsiú agus beidh sé ag feidhmiú in 2008. Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe le Straitéis um Chuimsiú Sóisialta in 2006 agus leanadh ag obair ar ghníomhaíochtaí sa straitéis a chur i bhfeidhm.

Féachann an Grúpa um Bearta Chuimsiú Sóisialta (SIM) le seachadadh na mbearta chuimsiú sóisialta a chomhordú ag leibhéal áitiúil agus tuairiscíonn dul chun cinn do Bhord Forbartha an Chontae. Leanann SIM ag éascú chur i bhfeidhm Clár Gníomhartha Bhord Forbartha an Chontae maidir le Cuimsiú Sóisialta in 2007. Áirítear iad seo a leanas ar na tionscnaimh a chuaigh chun cinn:

- Moladh a chur isteach maidir le seirbhís iompair tuaithe a bhunú ó Thuaidh agus Thoir Thuaidh ar mhaithe le Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Tacaíocht a thabhairt do bhunú Chaiféanna Comhairle don Aos Óg
- Clár tacaíochta do Thuismitheoirí Aonair a thabhairt chun críche
- Formhuiniú a fháil do ghníomhairí forbartha áitiúla



Sheol an Méara an Comhairleoir Seán Canney bailiúchán Bealaí Cosáin Bailte Aimsiú-Bealaigh Oirthear na Gaillimhe.

FÓRAM POBAIL

Leanadh le hobair leis an bhFóram Pobail in 2007 chun cuidiú le líonra grúpaí pobail agus grúpaí deonacha agus le sárchleachtas maidir le gníomhaíocht pobail a fhoghlaim. Mhéadaigh an comhaltas go dtí breis agus 450 agus bhain níos mó comhaltaí leas as Scéim Árachais an Fhórait Phobail, tionscnamh de chuid Fhóram na Gaillimhe, le hárachas níos fearr a sholáthar do ghrúpaí. Ceadaíodh maoiniú breise le hOifigeach Tacaíochta don Fhóram a cheapadh.

TÉAMA 5: TACAÍOCHT A THABHAIRT D'FHORBAIRT CULTÚIR

FORBAIRT AR THURASÓIREACHT

Bhí an Chomhairle ina comhalta gníomhach d'Fhóram Turasóireachta Cathrach agus Contae a bunaíodh faoi Bhord Forbartha an Chontae a dhéanann ionadaíocht ar an Tionscal Turasóireachta agus gníomhaireachtaí poiblí. Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair i gcomhpháirtíocht dhlúth le Fáilte Ireland West in 2007 agus d'infheistigh sí i bhFeachtas Margaíochta Baile de chuid Fáilte Ireland i gcomhpháirtíocht le Comhairlí Mhaigh Eo agus Ros Comáin agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Chuidigh sé seo le sraith fógraí teilifíse agus raidió in 2007 agus thacaigh le gnó turasóireachta an cheantair in 2007 mar chuid den Fheachtas 'Open for Business' i nGaillimh.

Infheistíodh níos mó ná €650,000 i dtionscail turasóireachta de bhua maoiniú ó Fáilte Ireland as ar tháinig uasghrádú do chúig Thrá Bhrataí Goirme sa gContae, taitneamhachtaí nua ag cladach Loch Deirgeirt i bPort Omna, uasghrádú do Bhealaí Siúlóide Shlí an Iarthair agus feabhsú ar shaoráidí leithris poiblí ar Inis Mór le freastal ar chuairteoirí a thagann ar an mbád farantóireachta. Chuidigh an Chomhairle le feachtas nua margaíochta do Loch Deirgeirt in 2007 ag cur Phort Omna agus Ceantar Oir-Dheisceart na Gaillimhe chun cinn. Forbraíodh tionscadal nua trialach i gcomhar le Turasóireacht Oirthear na Gaillimhe a raibh de thoradh air closturais siúil atá ar

fáil ar líne agus ar CD de na bailte Béal Átha na Sluaighe, Baile Locha Riach, Port Omna, Gort, Tuaim agus Baile Átha an Rí. Léirigh na Trialacha Oidhreacht Seandálaíochta Lár na mBailte. Tá léargas ar na turais siúil iomlána ar www.galway.ie agus www.galwayeast.com. Forbraíodh Turais Tiomána Oidhreachta Eaglasta nua i gcomhar leis an Oifig Oidhreachta a bhfuil 27 laithreán ann in Oirthear na Gaillimhe ar díol spéise iad.

COMHPHÁIRTÍOCHT AITIÚIL SPÓIRT CHONTAE NA GAILLIMHE

Bunaíodh Comhpháirtíocht Aitiúil Spóirt Chontae na Gaillimhe in 2007 agus i ndiaidh comhairliúcháin fhorleithreachaigh phobail d'ullmhaigh sí beartas straitéise trí bliana agus beartas oibríochta aon bhliana chun oibreacha na Comhpháirtíochta a threorú le spóirt do chách sa Chontae a chur chun cinn. Is tionscnamh idirgníomhaireachta í an Chomhpháirtíocht agus tacaíonn Comhairle Spóirt na hÉireann léi agus tá sé formhuinthe ag an mBord Forbartha Contae. D'éirigh leis an gComhpháirtíocht Cistí Cuntas Díomhaoin don Óige faoi Mhíbhuntáiste suas le €70,000 a riar. Maoiníodh seasca cumann/eagraíocht ar fud an Chontae a rinne iarratais agus tarraingíodh anuas 90% den mhaoiniú faoi dheireadh 2007. Ina theannta sin, d'éirigh le hiarratais chuig Comhairle Spóirt na hÉireann fostaíocht a sholáthar do Chomhordaitheoir Spóirt agus do Riarthóir Spóirt.

SEIRBHÍS EALAÍON AN CHONTAE

Riar Oifig na nEalaíon in 2007 infheistí €130,000 i 97 Eagraíocht Pobail trí Scéim Bhliantúil Dheontas Ealaíon chun tacú le gníomhaíochtaí ealaíon agus cultúir, féilte agus imeachtaí. Próiseáladh 150 iarratas in 2007, ar ardú 25% ar líon na n-iarratas é, líon a léiríonn an t-éileamh ardaithe ar infheistíocht ar fud an Chontae i ngníomhaíochtaí ealaíon. Riaradh Deontais Ealaíontóirí Aonair freisin (próiseáladh 146 iarratas). Fuarthas 180 ainmniúchán i ndáil le Dámhachtainí Ealaíon an Chontae. Ba iad seo a leanas na buaiteoirí in 2007:



Baill don Bhord Forbartha Chontae sa Gairdín Liam ó Flaithearta Gort na gCapall, Inis Mór roimh cruinniú Márta '07 den BFC

- Bronnadh an Dámhachtain Gnóthachtála Saoil ar Margaret Irwin West, Ealaíontóir.
- Is é an t-údar agus aisteoir Jo Steve Ó Neachtain an buaiteoir foriomlán
- Is iad Damhsóirí Seit Mhainistir Chnoc Muaidhe (Abbeyknockmoy Set Dancers) a bhuaigh Dámhachtain Cheantar Thuama.
- Is í an Scoil Cheoil, Ceoltóirí An Doirín, a bhuaigh Dámhachtain Cheantar Bhaile Locha Riach.
- Is é Paddy Walsh, ealaíontóir amhairc, a bhuaigh Dámhachtain Cheantar Bhéal Átha na Sluaighe
- Is iad Cumann Ceoil Átha Cinn a bhuaigh Dámhachtain Cheantar Óráin Mhóir
- Is é Kieran Concannon, scannánóir, a bhuaigh Dámhachtain Cheantar Chonamara

D'infheistigh an tSeirbhís Ealaíon €191,000 i seachadadh Phlean Forbartha Ealaíon Straitéiseach na Comhairle Contae 2006-2009 trína Clár Ealaíon a dhiríonn ar ghrúpaí, ar dhaoine aonair, ar eárnálacha agus ar fhorbairt ghairmiúil taobh istigh d'earnáil ealaíon an Chontae. Tugadh faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

EALAÍONA & SLÁINTE

- Forbraíodh 14 tionscadal Ealaíontóra Cónaithe, dár teideal 'Burning Bright', dírithe ar dhaoine scothaosta i saoráidí cúraim lae (Comhpháirtíocht HSE agus Ionad Ealaíon na Gaillimhe)
- Forbraíodh 18 tionscadal i Seirbhísí na mBráithre Carthanachta, dár teideal 'Ability Abu' ar fud an chontae
- Clár Ealaíon na nOspidéal tugtha chun críche; cuireadh rochtain ar Ealaíona sna hOspidéal ('Arts in Hospitals') chun cinn sa Chontae

UILECHUIMSITHEACHT TRÍ NA HEALAÍONA

- Bunaíodh tionscadail Ealaíon an Lucht Siúil sa gContae (i gcomhpháirtíocht leis an Aonad Tithíochta i bPort Omna).

EALAÍONA & OIDEACHAS & EALAÍONA ÓIGE

- Cinntíodh rochtain ar na hEalaíona i Scoileanna tuaithe trí chlarú agus forbairt chlár Oideachais, i gcomhpháirtíocht le príomheagraíochtaí ealaíon tríd an gClár Ealaíon agus

Oideachais do Ghailimh foilsithe ar an láithreán gréasáin.

- Damhsóir Cónaithe i 5 Scoil
- Tionscadail Scribhneora Cónaithe i 18 Scoil
- Tionscadail scannán i 9 Scoil
- Camchuart Galway Youth Theatre ar 19 Scoil
- Oiliúint sna hEalaíona do Mhúinteoirí
- Dámhachtain GMIT Amharcealaíon & Scannán do mhic léinn iarchéime
- Comhpháirtíocht fhoirmiúil le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh (NUIG) sa MA i mBeartas na nEalaíon

FORBAIRT ACHMHAINE TRÍ EALAÍONA

- Clár Amharclainne aon bhliana do ghrúpaí amharclainne agus dráma atá ag teacht chun cinn tugtha chun críche
- Ceardlann Forbartha Damhsa tugtha chun críche ar fud an Chontae
- Clár Cleachtais Ghairmiúil sna hAmharcealaíona i gcomhar le hIonad Ealaíon na Gaillimhe tugtha chun críche
- Léachtaí GMIT agus NUIG tugtha ar Bheartas & Cleachtas na nEalaíon

CLÁR DO NA HIONAID EALAÍON

- Clár iomlán seolta, maoinithe agus seachadta i bPáirc na Cúile
- Clár iomlán seolta, maoinithe agus seachadta in Áras Eanna
- Clár For-rochtana agus Oideachais maoinithe agus seachadta i gcomhar le hIonad Ealaíon na Gaillimhe

FAISNÉIS & COMHAIRLE

- Nuachtlitr míosúil curtha le chéile agus scaipithe gach mí agus a uasdátú go leanúnach ar an idirlíon, agus cruinnithe comhairleacha tionóla ar fud na bliana le grúpaí pobail agus grúpaí gairmiúla.

CLÁR EALAÍN AN PHOBAIL

- Sé tionscadal ealaíon an phobail tugtha chun críche sa gContae. Cheap an Chomhairle Contae Riarthóir Ealaíon an Phobail in 2007 chun infheistíochtaí ó Thionscadail a ndeachaigh an Chomhairle ina mbun a thabhairt isteach i dtionscadail Ealaíne an Phobail mar chuid den 'Scéim Chéatadán d'Ealaíona'.

AN TAONAD SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL, TRÉIDLIACHTA & UISCE



Jim Cullen
Stíúthóir Seirbhísí

Lean an tAonad Seirbhísí Comhshaoil, Tréidliachta & Uisce lena chlár forleathan éagsúil a chur chun cinn agus a fhorbairt. In ainneoin gur athstíúradh acmhainní ar feadh cuid mhaith den bhliain le déileáil leis an ráig cripteaspóiríodóise, rinneadh dul chun cinn suntasach i gcuid mhaith réimsí a bhfuil na sonraí fúthu leagtha amach thíos.

TÉAMA 1: FORBAIRT CHOITHROMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH

AN TINFRASTRUCHTÚR BAINISITÍÚ DRAMHAÍOLA

Tá trí ionad athchúrsála i bhfeidhm faoi láthair (Tuaim, An Clochán agus Béal Átha na Sluaighe), agus tá 93 Banc Athchúrsála (Bring Bank Centres) ann sa gContae le gloine agus cannaí deochanna a bhailiú lena n-athchúrsáil. Oibríonn Timpeallacht na nOileán scéim bhainisítíú dramhaíola d'Oileáin Árann ar bhonn comhpháirtíochta leis an gComhairle. Rinneadh dul chun cinn maidir le láithreán a fháil ag Casla d'Ionad nua Athchúrsála.

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe tús le cur i bhfeidhm an Chláir Léiriú Coisc an Údarás Áitiúil (LAPD). Is tionscnamh píolóta an Clár LAPD atáthar a chur chun feidhme i gComhairlí Contae & Cathrach na Gaillimhe mar aon le cúig údarás áitiúla eile. Is é mar aidhm ag an gClár cuidiú le hÚdarás Áitiúla "clár chomhtháite chosctha ar dhramhaíl" a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, a mbeidh a chuid torthaí mar mhúnla do chláir eile chosctha ar dhramhaíl ar fud na tíre.

Chuaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i mbun tionscadail phíolótaigh dramhaíola téagartha ag an Ionad Athchúrsála sa gClochán.

Eagraíodh bailiú Dramhaíola Guaisí Soghluaiste agus Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) chomh maith.

Bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach freisin as riaradh na scéimeanna do fhreagracht ar tháirgeoirí mar a leanas:

NA RIALACHÁIN UM BAINISITÍÚ DRAMHAÍOLA (FEITHICLÍ I NDEIREADH A RÉ) 2006

Faoi na Rialacháin seo, beidh an táirgeoir, ar duine é/í a iompórtáil feithicil isteach sa Stát nó a dhéanann feithicil sa Stát, freagrach as cóireáil agus aisghabháil na feithicle i nDeireadh a Ré. Bhí 23 táirgeoir cláraithe le Comhairle Chontae na Gaillimhe in 2007.

Tá 3 Shaoráid Chóireála Údaraithe (ATF) i limistéar feidhme

Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is saoráidí iad na hATFanna a ghlacfaidh saor in aisce aon fheithicil, ar de bhranda an táirgeora í, i nDeireadh a Ré, de réir fhorálacha na Rialachán um Bainisítíú Dramhaíola (Feithicilí i nDeireadh a Ré) 2006.

RIALACHÁIN UM BAINISITÍÚ DRAMHAÍOLA (DRAMHTHREALAMH LEICTREACH AGUS LEICTREONACH)

Faoi na Rialacháin DTLL, tá sé de cheanglas ar mhiondíoltóirí DTLL a ghlacadh ar ais saor in aisce ó mhuintir an phobail. Beidh an glacadh ar ais ar bhonn ceann ar cheann agus sin amháin, agus beidh an DTLL de chineál cosúil leis nó a raibh an fheidhm céanna aige agus an mhír nua atáthar á cheannach.

NA RIALACHÁIN UM BAINISITÍÚ DRAMHAÍOLA (PACÁISTÍÚ) 2007

Forchuirtear ceanglais ar tháirgeoirí phacáistíú dramhaíola faoi na Rialacháin seo. Tá sé mar aidhm ag na Rialacháin seo rátaí athchúrsála agus aisghabhála phacáistíú dramhaíola a mhéadú. Beidh feidhm ag na rialacháin seo maidir le gach gnóthas a dhíolann ábhair phacáistithe nó earraí a bhfuil pacáistíú orthu le daoine eile ar Mhargadh na hÉireann nó a sholáthraíonn dóibh iad e.g. miondíoltóirí earraí leictreacha, ollmhargaí, siopaí cruae-earraí, tithe tábhairne, óstáin agus siopaí mearbhia.

TÉAMA 2: AN COMHSHAOIL A CHAOMHNÚ AGUS A FHEABSÚ

BEARTA MONATÓIREACHTA & FORFHEIDHMITHÉ COMHSHAOIL

D'eisigh an Chomhairle fógraí forfheidhmithé agus thionscan ionchúisimh dhlí faoi Ailt 18, 55 agus 71 den Acht um Bainisítíú Dramhaíola, 1996 go 2003. Is i leith dhumpáil mhídhleathach dramhaíola, úsáid mhídhleathach láithreán le haghaidh coinneáil dramhaíola agus feithicilí tréigthe a rinneadh é. D'eisigh an Chomhairle 238 tionscain fhorfheidhmithé san iomlán in

2007 maidir le gearáin chomhshaoil agus gearadh líon iomlán de 566 fineáil ar an láthair i leith bruscair. Rinneadh 39 ionchúiseamh i leith neamhíoc fineálacha bruscair.

Chinntigh Comhairle Chontae na Gaillimhe go ndéantar an mhonatóireacht is gá de réir na reachtaíochta comhshaoil cuil maidir le huisce le n-ól, uisce folctha, scaoileadh fuíolluisce uirbhig, líonadh talún, aibhneacha agus locha. Is í an Chomhairle atá freagrach freisin as próiseáil iarratas ar Cheadúnais Doirte san Uisce agus as á n-athbhreithniú. Ghnóthaigh sé thrá i gContae na Gaillimhe stádas na Brataí Goirme in 2007.

Chuir an Chomhairle clár monatóireachta bainistithe abhantraí i bhfeidhm in Abhantrach Dhroichead an Chláirín, lena n-airíodh suirbhéanna feirme agus suirbhéanna umar múnlaigh.

Rinne an Chomhairle cigireacht agus iniúcháireacht ar oibríochtaí sealbhóirí ceadúnais bhailitheora dramhaíola agus sealbhóirí ceadúnais saoráidí dramhaíola ar bhonn tosaíochta. Rinneadh suirbhé ón aer in 2007, agus rinneadh cigireachtaí seicphointe bóthair i roinnt ceantar freisin.

Glacadh le Plean Bainistithe Bruscair (2007-2010) athbhreithnithe in 2007.

Cuireadh tionscadal piolótach Teilifís Chiorcaid Iata (TCI) Shoghluaiste i bhfeidhm ag súíomhanna éagsúla ar fud an Chontae, rud ar éirigh go maith leis.

UISCÍ NÁDÚRTHA A CHOSAINT

Bunaíodh tionscadal Cheantar Abhantraí an Iarthair (CA) agus tionscadal CA na Sionainne chun príomhriachtanais sa Chreat-Treoir Uisce a sholáthar agus le Plean Abhantraí dréachta a fhorbairt dá réigiúin faoi seach.

Chuidigh na Foirne Tionscadail le hÚdarás Áitiúla in 2007 Clár Náisiúnta Monatóireachta na Creat-Treorach Uisce a sheoladh, an fhorbairt leanúnach ar Chlár na mBeart. Foilsíodh Tuarascáil Saincheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce dar teideal "Water Matters" (Saincheisteanna Uisce) in 2007 le cuidiú ó Chomhairlí Comhairleacha CA agus bhí tréimhse Comhchomhairle Poiblí ina dhiaidh sin.

TÉAMA 3: POBAIL INBHUANAITHE A FHOIRBAIRT

LÁITHREÁIN THRÉIGTHE

Tá a cuid cumhachtaí faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 á bhfeidhmiú ag an gComhairle chun iallach a chur ar úinéirí talaimh agus foirgnimh leathfhothrachúil nó mhímhaisigh nó a ndearnadh faillí ann chun leasúcháin a dhéanamh ar an fhadhb. Tá breis agus 250 láithreán á n-imscrúdú faoi láthair a bhfuil 45 díobh cláraithe ar Chlár na Láithreán Thréigthe. Cuireadh tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar na láithreáin uile sa tír i 2007 le taifid a thabhairt cothrom le dáta agus le gníomhartha a chur in ord tosaíochta.

REILIGÍ

Tá 225 reilig ar fud an Chontae faoi láthair. Oibríonn an Chomhairle i gcomhar le cuid mhaith coistí áitiúla reilige ag déanamh oibreacha cothabhála agus feabhsaithe. Tá fáil ar thalamh ar siúl go leanúnach le haghaidh reiligí a sholáthar, a shíneadh agus a fhorbairt; rinneadh dul chun cinn i roinnt

mhaith réimsí i ndáil leis sin i 2007. }

Soláthraítear deontas in aghaidh na bliana do choistí a chothabhálann na reiligí ina gceantar féin. Ardaíodh méid an deontais seo ó €700 go €1000 in 2007, sin ardú 43%. Ardaíodh táillí Plásáin Reilige 30% freisin in 2007. Ba é sin an chéad ardú den chineál, áfach, ó 2003 agus tá na táillí atá á athbhreithnithe seo cuid mhaith níos lú fós ná na táillí atá á dtobhach ag an gcuid is mó d'Údarás Áitiúla inchomparáide.

FEASACHT COMHSHAOIL & OIDEACHAS

Bhí na hOifigí Feasachta Comhshaoil ag plé le feasacht comhshaoil a chur chun cinn trí chruinnithe faisnéise leis an bpobal, le grúpaí deonacha agus le coistí baile. Táirgíodh preasráitis agus fógraí raidió ar shaincheisteanna an chomhshaoil agus scaipeadh iad.

Tá feidhmiú Chlár na Scoileanna Glasa ag leanúint ar aghaidh agus tá ag éirí go maith leis agus an Bhratach Ghlas, a mbíonn an-tóir uirthi, á bronnadh ar 114 scoil (ardú 10 ar an bhliain roimhe).

Ritheadh fógra sna pictiúrlanna in aghaidh an bhruscair le béim a leagan ar chomh tábhachtach agus atá sé ár gcomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú.

Mhainigh Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt mhaith tionscnamh in aghaidh an bhruscair i bPobail, i gcomhair le DoEHLG, chomh maith le tionscadail a mhaoiniú faoi Local Agenda 21.

Scaipeadh earraí cur-ar-aghaidh a raibh teachtaireacht in aghaidh an bhruscair orthu.

D'eagraigh an Chomhairle clár Dámhachtainí Comhshaoil ar éirigh go maith leis chun obair ghrúpaí pobail maidir le gníomhaíochtaí comhshaoil ar fud an Chontae a spreagadh agus a aithint.

RIALÚ & LEAS AINMHITHE

Fiosraíodh cásanna leasa ainmhithe a raibh baint acu le madraí, le heallach agus le caoirigh i gcomhar leis an nGarda, leis an Roinn Talmhaíochta agus le grúpaí leasa.

Tugadh faoi fheachtas ceadúnas madraí ar fud an chontae freisin.

SÁBHÁILTEACHT BIA

Soláthraíonn an Chomhairle Seirbhís Iniúchta Tréidliachta Sláinte Poiblí faoi théarmaí a conartha seirbhíse leis an Údarás um Shábháilteacht Bhia.

Tá 10 seamlas ceadúnaithe sa tír agus is é an t-údarás áitiúil atá freagrach as a gceadúnú. Ceadaíonn an Chomhairle na háitribh seo, cláraíonn sí iad agus bíonn sí freagrach as a maoirsiú ó lá go lá. Maoirsiú an Chomhairle 10 aitreabh idir sa chathair agus faoin tuath.

TÉAMA 4: CUR LE CUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS RIALACHAS ÁITIÚIL

TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Bhí trí chruinniú ag Coiste Polasaí Straitéisigh na Seirbhísí Comhshaoil & Uisce sa bhliain 2007. Ag na cruinnithe seo rinneadh plé maidir le:

- Cás an Chripteaspóiridiam

- Clár infheistíochta na Seirbhísí Uisce
- Infrastruchtúr Bainistiú Dramhaíola
- Plean Bainistíochta Bruscair
- Tionscadal an Mhéadraithe Uisce
- Tionscadal Cheantar Abhantraí an Iarthair
- Soláthar Reiligi

TÉAMA 6: CUR LE HÉIFEACHTACHT AGUS LE HÉIFEACHTÚLACHT EAGRAÍOCHTÚIL

SEIRBHÍSÍ CUSTAIMÉIRÍ

Rinneadh an Bunachar Sonraí um Bainistiú Gearán, lena bhféadtar gearáin a logáil, agus a leanúint ar bhealach cuimsitheach agus lena bhféadtar freagra a thabhairt ar ghearáin ar bhealach cuimsitheach, a fhorbairt tuilleadh agus a thabhairt cothrom le dáta laistigh den Roinn Comhshaoil i gcaitheamh na bliana 2007.

BAINISTIÚ AIRGEADAIS

Bhí an Roinn Comhshaoil mar roinn piolóta do thabhairt isteach Chóras Íocaíochtaí Ar Líne (d'fhíneálacha bruscair).

SEIRBHÍSÍ UISCE

Tuigeadh an-mhaith an tábhacht a bhaineann le soláthar uisce slán agus sábháilte nuair a bhris ráig Cryptosporidiosis amach in 2007. Siúd is go raibh sé lárnaithe i gCathair na Gaillimhe bualadh limistéar fairsing sa gContae ó Bhearna agus Maigh Cuilinn san Iarthar, ag síneadh go Tuaim, Baile Átha an Rí agus Órán Mór taobh thoir agus bhí Fógra Fiuchta Uisce i bhfeidhm ar feadh thréimhse cúig mhí. Le comhoibriú dlúth idir an HSE agus Údarás Áitiúla tugadh an ráig faoi smacht agus rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe mór-uasghrádú ar Ghléasra Cóireála Uisce Luimneach agus cuireadh go leor uisce breise ar fáil do chathair na Gaillimhe agus féadadh an fógra faoi fhiuchadh uisce a tharraingt siar.

Uair chinníunach a bhí san eachtra do na Seirbhísí Uisce, ní hamháin i nGaillimh ach ar fud na tíre. Idir thabhairt isteach Rialacháin Uisce níos déine ón AE in 2007 agus ról maoirseoireachta nua an EPA, tá athrú mór béime déanta ó shábháilteacht uisce mar a léirítear de go hiondúil óna torthaí maithe a fhaightear seasta go cinnteacht soláthair trí thagairt do mheasúnú riosca. Beidh an t-athrú sin sa mbéim ag baint le soláthar seirbhísí uisce amach anseo. Ainneoin go leanfaidh an Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce agus an Clár Uisce Tuaithe mar na feithiclí infrastruchtúr uasghrádaithe agus nua cuirfear níos mó béime ar chaomhnú uisce, ar chosaint foinsí, ar bhainistiú abhantrach agus ar éifeachtacht oibríochta.

TÉAMA 1: FORBAIRT CHOTHROAMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH

INFRASTRUCHTÚR UISCE AGUS DRAMHUISCE

Is tosaíocht mhór scéimeanna mór uisce agus dramhuisce agus baineadh go leor amach in 2007 sa réimse sin.

Scéimeanna Móra Infrastruchtúr ar bun in 2007

Scéim	Luach
Soláthar Uisce Réigiúnach Charna/Chill Chiaráin	€18m
Gréasán Séarachais na Ceathrún Rua	€2m
Gréasán Séarachais Áth Cinn	€9m
Soláthar Uisce Dhroichead an Chláirín	€2.6m
Soláthar Uisce Réigiúnach Thuama/Áth Cinn	€29 m
Soláthar Uisce Chreachmhaoile	€6m

CLÁR UISCE TUAITHE: (GRÚP-SCÉIMEANNA SOLÁTHAR UISCE)

Bíonn ról rithábhachtach ag an gClár Uisce Tuaithe maidir le pobail áitiúla a chothabháil trí thacaíochtaí airgeadais do Ghrúp-Scéimeanna nua Soláthar Uisce agus do Ghrúp-Scéimeanna atá ann cheana.

Fóirdheontais:

Líon na Scéimeanna ar tugadh cúnaimh dóibh	120	€1,784,796
Líon na dToibreacha Aonair	23	€40,113

Conradh Oibreacha maidir le Cailíocht Uisce a Fheabhsú

Beart Uimh. 1. DBO	14	€927,619
Oibreacha Leagan Píopaí Tosaigh (Uimh. 1)		€5,772,603
Beart Uimh. 2 DBO (Pleanáil)	16	€898,332
Oibreacha Leagan Píopaí Tosaigh (Uimh. 2)		€2,304,444

Scéimeanna Nua agus Uasghrádú	51	€5,681,196
Muirir a thógáil isteach	20	€881,066

AN CLÁR UM CHAOMHNÚ UISCE

Cuidíonn an Clár um Chaomhnú Uisce le hinbhuanaitheacht timpeallachta agus díríonn ar fheabhas a chur ar éifeachtacht oibríochta scéimeanna uisce agus baineann an cumas leis a bheith mar mhalairt ar chaiteachas caipitil ar sholáthairtí infrastruchtúr nua.

Tugadh Céim 1 den Chlár Caomhnaithe Uisce – an chéim pleanála agus staidéir – chun críche den chuid is mó agus cuireadh tús leis an obair agus ceantair á méadrú, sceitheadh á rialú go gníomhach, brú á bhainistiú agus sceitheadh á bhrath agus á dheisiú. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar chailliúintí uisce i dTuaim agus i limistéir eile, rud a d'fhág go rabhthas ábalta an t-uisce a sábháil a chur ar fáil do chustaiméirí in áiteanna eile.

BEARTAS UM PRAGHSÁIL UISCE

Le beartas náisiúnta um praghsáil uisce agus le beartas an AE um praghsáil uisce, éilíodh go gcuirfí méadrú uisce i bhfeidhm i gcás gach úsáideora nach úsáideoir tí iad. Baineadh sin amach in 2007 agus 10,500 méadar á suiteáil do thuairim is 7,500 custaiméir.

AN TAONAD BÓITHRE & IOMPAIR



John Morgan
Stiúrthóir Seirbhísí

Tá an tAonad Bóithre agus Iompair freagrach as an nGréasán de Bhóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an chontae, a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú. Tá freagracht Mara air freisin, chomh maith le freagracht maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre, Sláinte agus Sábháilteacht agus Draenáil Artairí. Is é cuspóir seirbhíse an Aonaid gréasán bóithre sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar, laistigh de bheartais iompair inbhuanaithe agus comhtháite, do ghluaiseacht daoine agus earraí.

Rinne an tAonad Bóithre agus Iompair clár oibre substaintiúil agus éagsúil a sheachadadh i gcaitheamh na bliana 2007 agus dul chun cinn mór á dhéanamh maidir le hinfrastuchtúr iompair an Chontae a athrú ó bhonn, rud a bheidh mar bhonn taca faoin bhforbairt chothromaithe agus forás inbhuanaithe a bhíonn á dhéanamh go leanúnach ar an infrastuchtúr iompair. Áirítear na nithe seo a leanas ar na héachtaí suaithinseacha a rinneadh i rith na bliana 2007:

- Síníodh an Conradh maidir le N6 na Gaillimhe – Scéim PPP Bhéal Átha na Sluaighe in Aibreán 2007 leis an gComheagras ICON atá comhdhéanta de FCC, SACCYR agus PJ Hegarty.
- Bronnadh an conradh maidir leis an N6 ó Bhéal Átha na Sluaighe – Baile Átha Luain ar SIAC/Wills JV i mí Lúnasa 2007.
- Cuireadh tús le hobair ar fhorbairt an chalafoirt ag an gCaladh Mór, Inis Meáin agus iompaíodh an fód go hoifigiúil in Iúil 2007.
- Bronnadh an conradh maidir le forbairt chalafoirt Chill Rónáin ar Ascon Ltd i mí na Nollag 2007 le conradh arbh fhiú €38,957,215.18 é. Ba é sin an méid is mó a caitheadh riamh ar infrastuchtúr Oileánda ó bunaíodh an Stáit.
- Síníodh an Chairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre i mí Deireadh Fómhair 2007, agus leis sin thug Comhairle Chontae na Gaillimhe gealltanais go foirmiúil go gcuideodh sí leis an sprioc choitianta a bhaint amach maidir le saol 25,000 duine a shábháil.
- Tugadh aitheantas don Chomhairle maidir lena hiarrachtaí barmhaitheas a bhaint amach i réimse na Sláinte agus na Sábháilteachta Gairme nuair a bronnadh gradam sábháilteachta foriomlán na n-údarás áitiúil uirthi ag na Gradaim Shábháilteachta Gairme 2007 de chuid Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann um Shábháilteacht.
- Osclaíodh an Phríomh-Shráid i mBaile Locha Riach arís tar éis mór-obair athshlánaithe agus feabhsaithe a bheith

tugtha chun críche, clár lenar bhain infheistíocht iomlán de €2.6 milliún.

Tugadh aitheantas go forleathan do fhreagairt na Comhairle nuair a d'imigh Droichead an Líonáin ar an N59, Bóthar Náisiúnta den Dara Grád, le sruth an 18 Iúil 2007 agus tugadh aitheantas go háirithe don Chomhairle toisc gur éirigh léi an bóthar a oscailt arís faoin 27 Iúil 2007, agus léirigh an méid sin go léir chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil is a bhí cumas freagartha na Comhairle agus chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil is a bhí díograis agus tiomantas fhoireann na Comhairle.

TÉAMA 1: FORBAIRT CHOTHROMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH

PÍOMHBHÓITHRE NÁISIÚNTA AGUS BÓITHRE NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD

B'fhiú €84,516,224 an chéad leithdháileadh iomlán deontais ón Údarás um Bóithre Náisiúnta don bhliain 2007, arna roinnt ar an gcaoi seo a leanas:

- | | |
|--------------------------|-------------|
| • Oibreacha Feabhsúcháin | €81,260,664 |
| • Oibreacha Cothabhála | € 3,255,560 |

Bhí an phríomhchuid den ardú maoinithe in 2007 comhdhéanta de mhaoiniú breise a cuireadh ar fáil chun an ghné sin den Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013 agus Iompar 21, maidir leis na Mórbealaí Idir-Uirbeacha a chur chun cinn agus a sheachadadh ar bhonn leanúnach, a éascú. Bíonn na tionscadail seo a leanas á mbainistiú ag an Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta agus bíonn na costais a bhaineann leis an gclár seo le fáil ar ais ina iomláine ón Údarás um Bóithre Náisiúnta:



An Conradh maidir le hAthfhorbairt Chalafoirt Chill Rónáin á Shíniú – Nollaig 2007

Uimh. An Bhóthair Náisiúnta	An Chuid den Bhealach
N6	Baile Átha Luain / Béal Átha na Sluaighe
N6	Seachród Seachtrach Chathair na Gaillimhe
N6	Gaillimh / Béal Átha na Sluaighe
N18	Órán Mór go An Gort
N18	An Gort go Croisín
N17	Gaillimh / Tuaim
N17	Seachród Thuama
N17	Tuaim go Clár Chlainne Mhuiris
N59	Seachród Mhaigh Cuilinn

Rinneadh dul chun cinn mór i gcaitheamh na bliana 2007 maidir le clár oibre Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta de chuid na Comhairle a sheachadadh lena n-áirítear an éisteacht ó bhéal a tionóladh maidir le Seachród Seachtrach Chathair na Gaillimhe i Samhain 2007 agus na Fógraí Gnóthaíochta agus na Fógraí Iontrála a seirbheáladh i ndáil le Scéim an N18 ó Órán Mór go An Gort, i mí Lúnasa 2007.

Chuathas i mbun clár iomlán d'oibreacha Feabhsúcháin Pábhálacha agus Mionfheabhsúcháin ar an ngréasán de Phríomhbhóithre Náisiúnta agus de Bhóithre den Dara Grád le leithdháileadh deontais de €9,550,000.

Chuathas i mbun an chláir bhliantúil maidir le dromchla nua a chur ar bhóithre Náisiúnta agus na bóithre sin a chothabháil, i gcomhréir leis an mbuiséad d'oibreacha cothabhála, arna leithdháileadh ag an Udarás um Bóithre Náisiúnta.

BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS BÓITHRE ÁITIÚLA

Tugadh fógra do Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir lena céad Leithdháileadh Deontais do Bóithre Réigiúnacha agus do Bhóithre Áitiúla an 18 Eanáir 2007, leithdháileadh deontais arbh fhiú €31,440,256 é, arna chatagóiriú mar seo a leanas:

Catagóir Deontais	An chéad Leithdháileadh do 2007
Deontas do Chothabháil Athchóirithe	€5,526,000
Deontas d'Fheabhsúchán Roghnach	€1,705,000
Deontas do Chothabháil Roghnach	€2,017,000
Deontas d'Fheabhsúchán Sonrach	€4,770,160
Deontais Straitéiseacha Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad	€2,216,104
Deontais d'Fheabhsúchán Sábháilteachta ar Chostas Íseal	€548,750
Deontas do Chomharthaí ar Bhóithre Réigiúnacha	€400,000
Deontas d'Fheabhsúchán Athchóirithe	€12,624,000
Cosáin i dTuaim (Iar-Choimisinéirí Baile)	€68,967
Cosáin i mBaile Locha Riach (Iar-Choimisinéirí Baile)	€64,275
Scéimeanna Straitéiseacha Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad (An Straitéis Spáis Náisiúnta)	€1,500,000
Iomlán Foriomlán	€31,440,256

Rinneadh maoiniú a leithdháileadh faoin Scéim um Dheontas d'Fheabhsúchán Sonrach i gcaitheamh na bliana 2007 i leith na mbóithre seo a leanas:

LS5105 Lúb An Tulaigh Rinn Mhaoile
 R336 An Mám / An Lónán
 R336 An Mám / An Lónán
 R340 Carna / Caiseal
 R341 An Clochán / Baile Conaola
 LP1102 Baile an tSrutháin / An Cladach Dubh
 L8104 Órán Mór / Rinn Mhíl (Bóthar Maree)
 R364 Gleann na Madadh / Béal Átha Mó
 R355 Port Omna / Béal Átha na Sluaighe (Boula)
 R351 Baile Locha Riach / An Ghráig
 LP43101/LP4312 Doire an Fhrinsigh / Tíne
 R357 Bóthar Theach Mhic Conaill
 R356 Dún an Uchta / Beannchar (Eiscir Íochtarach)
 R332 Cill Bheanáin, Tuaim
 LP1313 Maigh Cuilinn / Tulaigh Mhic Aodháin
 Cuireadh feabhas ar 30.59 km in iomláine de na bóithre atá



Oibreacha Cosanta Cóta ar Chladach ó Dheas Inis Bó Finne

luaite thuas faoin Scéim um Dheontas d'Fheabhsúchán Sonrach i gcaitheamh na bliana 2007, ar chostas iomlán de €5,662,478.

- Tugadh an clár bliantúil maidir le dromchla nua a chur ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla agus na bóithre sin a chothabháil, arna mhaoiniú ag an Roinn Iompair, chun críche le buiséad de €7,543,000.
- Chuathas i mbun an chláir bhliantúil d'oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla, arna mhaoiniú ag an Roinn Iompair, agus i gcomhréir le Clár na mBóithre 2007, le buiséad de €19,099,160.
- Cuireadh feabhas ar 224,232 méadar cearnach in iomláine de bhóithre Réigiúnacha faoin gClár d'Fheabhsúchán Athchóirithe ar chostas iomlán de €4,320,319 agus cuireadh feabhas ar 715,442 méadar cearnach breise de bhóithre áitiúla faoin gClár ar chostas de €8,303,681.
- Chuir An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maoiniú ar fáil arbh fhiú €1,995,000 é faoin mbeart Straitéiseach Bóithre d'fhonn oibreacha feabhsúcháin a éascú i leith na mbóithre seo a leanas:

R374 Baile na Cille

Scoil An Aird Mhóir R340

R340 Doire Inbhir – Cill Chiaráin

Doire Fhatharta

An Fháirce – An Chloch Breac (Ceapach na gCapall)

Sráidbhaile Charna

Baile Na Cille

An Fhairce Corr na Mona

Gort Mór – Doire Inbhir

Lean an Chomhairle uirthi de bheith ag leithdháileadh acmhainní suntasacha i ndáil leis na Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla faoina coimirce a chothabháil agus a fheabhsú agus cuireadh maoiniú de €8,250,000 ar fáil in 2007 chun na críche sin.

BAINISTIÚ TRÁCHTA:

- Cuireadh Plean athchóirithe Bainistithe Tráchta An

Clocháin i bhfeidhm i dtús mhí Aibreáin 2007, agus ó shin i leith.

- Cuireadh tús le hobair ar fheidhmiú Phlean Bainistithe Tráchta an Ghoirt, agus táillí ar pháirceáil mar chuid de.
- Iarradh tairiscintí i mí Deireadh Fómhair 2007 ar sholáthar, ar shuiteáil agus ar choimisiúnú meaisíní 'foc agus taispeáin' ar sráide don Ghort.
- Leanadh ar aghaidh leis an obair maidir le Táillí ar Pháirceáil a thabhairt isteach i mBaile Átha an Rí, agus áiríodh forbairt roinnt carrchlós ar chuid den obair sin.
- Lean an tAonad air le Teorainneacha Luais ag Oibreacha Bóithre a chur i bhfeidhm, i gcomhchomhairle leis an nGarda Síochána agus leis an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, de réir mar ba ghá d'fhonn clár oibreacha éagsúla na Comhairle a sheachadadh.

CÉANNA AGUS CALAFOIRT STRAITÉISEACHA :

Rinneadh dul chun cinn suntasach i gcur ar aghaidh an chláir leathan oibre faoin gClár Céanna agus Calafóirt Straitéiseacha de chuid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i rith 2007 ar caitheadh €14,335,432 leis.

I rith 2007, cuireadh tús le Tionscadal Forbartha Ché an Chaladh Mhóir a áiríonn leathnú cé, soláthar tonnchoisc, dreideáil agus saoráidí coimhdeacha lena n-áirítear limistéar beag páirceála, ar chostas measta thart ar €13 milliún. Is é SIAC Construction atá i mbun an tionscadail, a bhfuil súil é a thabhairt chun chríche sa gceathrú deiridh de 2008.

Chuathas i mbun na n-oibreacha forbartha ar Inis Bó Finne le linn 2007, oibreacha a áiríonn dreideáil na linne calafóirt taobh istigh agus na mbealaí isteach ann, oibreacha cosanta cósta ar an gcladach ó dheas, oibreacha feabhsúcháin ar an seanché a chuireann lena n-áirítear leagan sleamhnáin agus feabhsúcháin ar an gcé nua, tionscadal a chosain os cionn €6 milliún.

Síníodh an conradh d'athfhorbairt chalafoirt Chill Rónáin a



An Fód á Iompú don Chaladh Mór – Iúil 2007

áiríonn 550m tonnchoisc, leathnú ar an gcé atá ann, cruthú beart uiscidhomhain do bháid iascaigh, soláthar cé lastais, uasghradú ar an gcé atá ann, soláthar sleamhnáin, soláthar crios coisithe amháin d'úsáideoirí bád farantóireachta, beart don bhád tarthála, soláthar sleamhnáin, agus soláthar seirbhísí lastais roll-on-roll-off don todhchaí, le Ascon Teo an 17ú Nollaig 2007, conradh arbh fhiú €38,957,215.18 é.

Leis an leibhéal acmhainní atá á infheistiú faoi láthair in infrastructúr mara na n-oileáin amach ón gcósta chomh maith le hinfeistiúocht ghaolmhar eile, déanfar athrú ó bhonn ar chónascthacht idir na hoileáin éagsúla agus idir na hoileáin agus an mórthír.

Beidh réimse tionscadal eile faoin gClár Céanna agus Calafóirt Straitéiseacha 2007 á gcur chun cinn i gcónaí ag an gComhairle, lena n-áirítear athfhorbairt ar an gcé in Inis Oírr.

CÉANNA AGUS CALAFOIRT BHEAGA

Chuir Roinn na Mara maoiniú de €300,000 ar fáil chun oibreacha feabhsúcháin a éascú ag Cé Wallace in Inis Ní, Cloch na Rón faoin gClár Calafóirt lascaigh le ranníocaíocht de €100,000 arna cur ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Tugadh faoi na tionscadail seo a leanas faoi stiúir Roinn na Mara ar chostas measta de €483,864 lena n-áirítear ranníocaíocht de €120,966 ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

- Cé Bhaile Conaola
- Cé Ros Rua
- Cé an tAimhréidh

DRAENÁIL ARTAIRÍ:

Tá freagracht reachtúil ar an gComhairle maidir le hoibreacha draenála áirithe a chohabháil sa gContae agus is é an tAonad Bóithre agus Iompair a chomhlíonann an fhreagracht sin ó Oifig Réigiúnacha agus Áitiúla na Comhairle. Tá dhá Cheantar

Draenála dhéag faoi chúram na Comhairle agus tá dhá Cheantar faoi chúram Comhchoistí Draenála a bhaineann le Comhairlí Contae Ros Comáin agus an Chláir.

Ceantair Dhraenála:

Áth Eascrach
An tEanach
An Bhuaille
Dún Choillín (Baile Locha Riach)
Dún Choillín (An Gort)
Dún Choillín (Baile Átha an Rí)

Tuaim Catraí
Cill Chríost
An Leathbhaile
Míleac, An Poll Seasc
An Creagán
Cnoc Óráin

Comhcheantair Dhraenála:

Comhchoiste Draenála An Fhorghais
Comhchoiste na Suca

TÉAMA 3: POBAIL INBHUANAITHE A FHORBAIRT

RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL MAIDIR LE HOIBREACHA BÓTHAIR

Lean an Chomhairle le Scéim Rannpháirtíocht an Phobail maidir le hOibreacha Bóthair a chur chun cinn go gníomhach i rith 2007 mar shlí le tacaíocht an phobail a fháil d'oibreacha bóthair ar bhóithre oiriúnacha áitiúla. Cuireadh €81,876 ar fáil ón Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe agus cuireadh €225,817 breise ar fáil ón Deontas Cothabhála Athchóirithe agus tabhaíodh caiteachas iomlán de €307,693 faoin scéim in 2007.

SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚLA

Mar aitheantas ar an gcúnamh a fhaightear ó Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla maidir le hobair tógála nó feabhsúcháin ar bhóithre neamh-phríobháideacha, lean an tAonad ag cur na scéimeanna sin chun cinn go gníomhach i rith 2007. Chuir an Roinn Iompair leithdháiltí deontais de €1,848,345 ar fáil in 2007 ag éascú 75 scéim a tairgeadh i rith na bliana ar



Seó Bóthair Sábháilteachta Bóthair – Deireadh Fómhair 2007

chostas iomlán de €1,880,030. Rinne An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tuilleadh maoinithe a leithdháileadh faoin gClár CLÁR ar mhaithe le bóithre LIS [Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla] i gceantair CLÁR.

SCÉIMEANNA FOSTAÍOCHTA POBAIL

Lean an Chomhairle ag cur Fostaíocht Pobail chun cinn agus á spreagadh i gcomhpháirtíocht le FÁS agus leis an bpobal áitiúil. Dá réir sin, lean an Chomhairle ag tabhairt urraíochta do na scéimeanna seo a leanas: Maigh Cuilinn / Caladh na Muc, An Baile Mór / An Mhainistir, Órán Mór / Gort, Tuaim agus Cloch na Rón / An Chlochán.

Cuireadh buiséad de €1,470,000, ar féidir aisghabháil 100% a fháil ó FÁS air, ar fáil chun na scéimeanna seo a chur i bhfeidhm. Fostaíodh líon iomlán de 76 rannpháirtí thar na 5 scéim i rith 2007.

ATHNUACHAN & FEABHSÚ SRÁIDBHAILTE & AN TUATH

Lean an Chomhairle ag éascú tionscadail faoin Scéim Feabhsaithe Sráidbhailte & Tuaithe i gcomhar le CLÁR, na cuideachtaí LEADER iomchuí agus na pobail áitiúla. Tugadh faoi thionscadail ag na suímh seo a leanas i rith na bliana:

- Baile Liam: Áit shúgartha le dromchla sábháilte
- Cill Choirín: Oibreacha feabhsúcháin lenar háiríodh soilse poiblí maisitheacha.
- Dún Mór: Áit siúil cois abhann.
- Sraith Salach: Áit shúgartha le dromchla sábháilte
- Na Creaga: Oibreacha feabhsúcháin lenar háiríodh soilse poiblí maisitheacha.
- An Caiseal: Áit shúgartha le dromchla sábháilte.
- Mám: Áit shúgartha le dromchla sábháilte

Lean obair ar na Tionscadail Athnuachana Bailte seo a leanas, arna maoiniú ag An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, seo a leanas i rith 2007:

- An Cheathrú Rua: Lean obair ar chosáin, ar thaobhanna,

ballaí agus duchtáil

- Carna: Cosáin a sholáthar i lár an bhaile.
- Cill Chiaráin: Leathnú cosán agus soláthar cosán
- Ros A Mhíl: Ballaí a theannadh siar, cosán agus duchtáil a sholáthar.
- Camus: Cosáin, fála agus soilse a sholáthar.
- Leitir Móir: Cosáin a leanacht go hOifig an Phoist.
- Indreabhán: Ballaí teorann ar thaobh an bhóthair a ardú.
- An Spideál: Áit siúil ag an gcladach ag ceangal na seanchéibhe leis an gCéibh Nua.
- Corr Na Mona: An chéad chéim den droichead cos.
- Maigh Cuilinn: Cosáin a sholáthar.
- Na Forbacha: Dromchla nua ar chosáin.
- Ros Muc: Balla teorann a theannadh siar & agus léargas ar an nGairmscoil a dhéanamh níos fearr.

Chomh maith leis sin leithroinn an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta deontas de €291,250 le feabhas a chur ar 19 bóthar áitiúil neamhphoiblí laistigh den Ghaeltacht. Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe ranníoc de €34,250 i dtreo na n-oibreacha sin.

SÁBHÁILTEACHT BÓTHAIR

Lean an Coiste Sábháilteachta Bóthair lena ról gníomhach ó thaobh sábháilteacht bóthair a chur chun cinn agus bhí ceithre chruinniú acu le linn 2007.

Sheachaid Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le AXA Insurance agus an Garda Síochána teachtaireacht dhian ghéar faoi shábháilteacht bóthair chuig na céadta déagóir i rith Dheireadh Fómhair 2007 nuair a d'óstaiigh siad seó bóthair i Leisureland ar Bhóthar na Trá.

Áiríodh ar na tionscnaimh shábháilteachta eile ar thug an Chomhairle fúthu le linn 2007-

- Cur chun cinn an Chláir Tiomána Feadh an tSaoil d'Iarbhunscoileanna



Seoladh an Fhachtais Veisteanna Sofheicthe – Samhain 2007

- Tacaíocht d'oibriú Scéim Bhaireoirí Scoileanna Sóisearacha
- Tacaíocht do Chlár Oiliúna Rothaíochta i mBunscoileanna
- Duaiseanna Comórtais Póstaer Sábhailteacht Bóthair do Bhunscoileanna
- Ábhair cur-ar-aghaidh a bhaineann le Sábhailteacht ar na Bóithre a scaipeadh sna Bunscoileanna agus trí Stáisiún Gardaí, trí leabharlanna, agus trí oifigí mótarchánach ar fud an Chontae.
- Teachtaireachtaí sábhailteachta ar na bóithre a scaipeadh ar Admhálacha Siopa, i nuachtáin áitiúla, in irisí, srl.

OIBREACHA AGUS BEARTA FEABHSÚCHÁIN SÁBHÁILTEACHTA

Sholáthair an Roinn Iompair leithroinnt €548,750 ionas go bhféadfar oibreacha feabhsúcháin sábhailteachta ar chostas íseal a dhéanamh ag 29 suíomh agus sholáthair an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta maoiniú €550,664 le haghaidh Bearta Sábhailteachta ag 9 suíomh ar an nGréasán Príomhbhóithre Náisiúnta agus ag 3 shuíomh ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta den dara grád.

Sholáthair an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maoiniú 100% €84,000 faoi CLÁR chun an soláthar soilse a chur i gcrích ag gach scoil sna limistéir CLÁR nach raibh soilse den chineál acu.

Ina theannta sin, sholáthair an Chomhairle maoiniú chun Soilse Sábhailteachta Gealánacha Ómracha a sholáthar ag bunscoileanna taobh amuigh de na Limistéir CLÁR.

SOILSIÚ POIBLÍ

Soláthraíodh €1,030,500 i mBuiséad 2007 le costas an chláir soilsithe poiblí a mhaoiniú. Bhí clár 2007 comhdhéanta dá leanas:

- Suim €815,500 leis na costais chothabhála /fuinnimh a bhaineann leis an ngréasán soilsithe poiblí a mhaoiniú.
- Soláthar soilse nua de rogha na gComhaltaí, ar chostas €105,000.

- Soláthar 74 solas nua ag láthair innealtóireachta ar chostas iomlán €110,000.

Lena chois sin, sholáthair an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta maoiniú €204,000 le haghaidh Soilsíú ar na Príomhbhóithre Náisiúnta & €56,000 le haghaidh Soilsíú ar na Bóithre Náisiúnta den dara grád.

SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE & LEAS AG AN OBAIR

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta a cuid gníomhaíochtaí, obráidí agus seirbhísí a thabhairt i gcrích ar bhealach a dhibríonn nó a íoslaghdaíonn aon tionchar dochrach ar shábhailteacht nó ar shláinte fostaithe, cuairteoirí, conraitheoirí agus soláthraithe. Tá an Chomhairle tiomanta chun leanúint ar aghaidh le feabhsú i dtaobh láithreacha slána oibre, laghdaithe ar dhíobháil agus tinneas ceirde agus chun freagracht phearsanta a chothú maidir le sláinte agus sábhailteacht.

Tá an Coiste Sábhailteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair an-ghníomhach i rith 2007 – bhí ocht gcuinniú ag an gCoiste i rith na bliana agus tháinig comhaltaí nua isteach. Ar na saincheisteanna a phléigh an coiste, áiríodh:

- Athbhreithniú ar Ráitis Sábhailteachta
- Oiliúint Sábhailteachta
- Rialú Foirgníochta
- Tuairiscíú Taismí/Eachtraí/Nósanna imeachta taifeadadh.
- Iniúchtaí sábhailteachta
- Ionadaithe sábhailteachta a cheapadh
- Seimineáir Eolais

Bronnadh Gradam Sábhailteachta na nÚdarás Áitiúil ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag na Gradaim Shábhailteachta Gairme 2007 de chuid Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann um Shábhailteacht

Trí chórais shábhailteachta nua a thabhairt isteach agus trí chur le hOiliúint Sláinte agus Sábhailteachta thuairiscigh an Chomhairle laghdú suntasach sa ráta taismí ó 8.73 taisme in



Scoil Náisiúnta an Chreagáin – Buaitoírí an Chomórtais Maoir Scoile 2007

aghaidh an 1,000 fostaí in 2006 go 3.64 taise in aghaidh an 1,000 fostaí in 2007.

Rinneadh 1,667.5 lá oiliúna a sheachadadh in 2007 agus cuireadh oiliúint ar 1,629 fostaí trí 66 cúrsa oiliúna a sheachadadh ar chostas iomlán de €248,559.71. Rinneadh 22 lá oiliúna eile a sheachadadh nuair a d'fhreastail 20 comhalta den fhoireann ar sheimineáir agus ar chomhdhála eágsúla in rith na bliana ar chostas iomlán de €4,796.25.

Thosaigh Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta, oifigeach le Céim, ag obair leis an gComhairle i mí an Mheithimh 2007 le comhordú a dhéanamh ar mheasúnú riosca/ráitis sábháilteachta le hiad a thabhairt cothrom le dáta/a athbreithniú do gach rannóg.

Rinneadh ceiliúradh ar Sheachtain Sláinte agus Sábháilteachta na hEorpa (22 – 26 Deireadh Fómhair) trí na himeachtaí a leanas a eagrú:

- Comórtas agus Taispeántas Ealaíne do Leanaí.
- Lá Dea-Bhainistiú Tí.
- Tráth na gCeist ar Shábháilteacht.

Tugadh faoi raon leathan tionscadail i rith na bliana lena n-áirítear:

- Tugadh measúnaithe Riosca Bitheolaíochta chun críche agus cuireadh oiliúint ar fhoireann iomchuí ina leith.
- Tugadh clár iniúchtaí ar shaothar díreach agus ar láithreáin thógála atá faoi rialú conraitheora chun críche ar bhonn rialta i rith na bliana.
- Tugadh roinnt measúnuithe monatóireachta ar thorann chun críche ar fud an Chontae le linn 2007.

Bhí baint ghníomhach ag an gComhairle ar bhonn leanúnach le Grúpa Comhairleoirí Sábháilteachta an Údarás Áitiúil agus bhí ionadaithe ag an gComhairle ag an gcúig chruinniú a bhí ag an ngrúpa a bhí ar siúl le linn 2007. Is é an cuspóir atá leis an ngrúpa ná díriú ar shaincheistean a bhaineann le gach

údarás áitiúil chun chur chuige comhleanúnach a fhorbairt i gcás gach údarás áitiúil.

Go háirithe, bhí ról ghníomhach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i 'bPlean um Chóras Sábháilte Oibre' na nÚdarás Áitiúil náisiúnta i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta trína comhaltas i nGrúpa Comhairleoirí Sábháilteachta an Údarás Áitiúil.

TÉAMA 4: CUR LE CUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS RIALACHAS ÁITIÚIL

TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste Polasaí Straitéisigh do Bhóithre agus Iompar, faoi chathaoirleacht an Chomhairleora S. Ó'Cuaig agus an Chomhairleora Pat Hynes le linn 2007 agus breithníodh roinnt saincheistean polasaí lena n-áirítear:

- Clár Bóithre 2007 – Forléargas.
- Imeachtaí Spóirt agus Eile a bhíonn ar siúl ar bhóthar poiblí.
- Infrastruchtúr Mara.
- Athbhreithniú ar Luasteorainneacha.
- Ceanglais Chomhshaoil maidir le hInfrastruchtúr.
- Plean Iompair Áitiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Tionscnamh um Iompar Tuaithe.
- Seó Sábháilteacht ar Bhóithre.

Lean an tAonad le héascú a dhéanamh ar Choiste Ceantair Chonamara ag a raibh 15 cruinniú le linn 2007 agus a dhéileáil le raon leathan de chúrsaí oibríochta.

Thug an tAonad tacaíocht freisin d'obair Choiste na nOileán a bhí ag déileáil le raon éagsúil saincheistean a raibh baint acu go háirithe leis na hoileáin, lena n-áirítear forbairt infrastruchtúir, polasaí pleanála agus cosc dóiteáin.

PLEAN EARNÁLA UM MHÍCHUMAIS

Tugadh faoi chlár oibreacha feabhsúcháin rochtana de réir Plean Feidhmíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Ba é



Bronnadh Gradam Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag na Gradaim Shábháilteachta Gairme 2007 de chuid Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann um Shábháilteacht

an cuspóir a bhí leis na hoibreacha go mbeadh bóithre, sráideanna agus cosáin, inrochtana agus inúsáidte chomh fada agus is féidir é do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Breithníodh fionnachtana an Iníuchta i ndáil le Rochtain ar Shráideanna agus ar Bhóithre a rinneadh d'Údarás Áitiúla Chontae na Gaillimhe faoin Acht um Mhíchumas 2005 agus an Clár Bóithre do 2008 á ullmhú.

TÉAMA 5: TACAÍOCHT A THABHAIRT D'FHORBAIRT CULTÚIR

COMHARHAÍ

- Chuir an Roinn Iompair deontas de €400,000 ar fáil sa bhliain 2007 chun leanúint le Clár um Chomharthaí ar Bhóithre Réigiúnacha agus cuireadh tús leis an gclár seo sa bhliain 2003.
- Cuireadh maoiniú de €552,525 ar fáil ón leithdháileadh do Chothabháil Ghinearálta chun comharthaí a chur ar fáil agus a athnuachan ar bhóithre áitiúla.
- Ina theannta sin, cuireadh maoiniú ar fáil ó leithdháilí Cothabhála Bóithre Náisiúnta agus Bóithre Réigiúnacha chun cothabháil agus athnuachan a dhéanamh ar chomharthaí.
- Lean an Chomhairle le cuidiú leis an Údarás um Bhóithre Náisiúnta i ndáil le clár comharthaí do bhealaí Náisiúnta.

Téama 6: CUR LE HÉIFEACHTACHT AGUS LE HÉIFEACHTÚLACHT EAGRAÍOCHTÚIL

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Lean an tAonad le leas a bhaint as galway.ie le Seirbhís Eolais Trácht a chur ar fáil, a sholáthraíonn eolas maidir le moill a bhíonn ar thrácht mar gheall ar oibreacha bóthair, bóithre a bhíonn dúnta go sealadach, nó mar gheall ar theorainneacha luais a bhíonn ann nuair a bhíonn oibreacha bóthair ar siúl srl.
- Reáchtáil An tAonad Bóithre agus Iompair 2 Cheardlann do Sholáthraí chun éascú a dhéanamh ar oibriú LAQuotes.ie mar shlí chun luachana ar líne do sholáthairt agus do sheirbhísí, do ghléasra ar cíos agus d'uirlisí ar cíos a sheoladh isteach.
- Chuir an tAonad Teileafón Cúirtéise ar fáil do chuntar poiblí

an Aonaid Bóithre agus Iompair le héascú a dhéanamh do chustaiméirí chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le hOifigí Ceantair na Comhairle.

CLÓS INNEALRA

Is faoi bhainistíocht an Chlós Innealra atá soláthar agus cothabháil Gléasra agus Innealra a bhíonn á n-úsáid ag an gComhairle agus tá an Chomhairle tiomanta d'fhorbairt leanúnach na seirbhíse seo chun acmhainn atá éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil le seachadadh Clár Oibre na Comhairle a éascú.

- Leanúint leis an gclár maidir le gléasra a chur in ionad an ghléasra atá ann agus gléasra a fháil.
- Trealamh Cothabhála Geimhridh a chotabháil chun freagairt go tráthúil agus go héifeachtach do choinníollacha drochaimsire a chinntiú.
- Luachana do Ghléasra ar Cíos agus d'Uirlisí ar Cíos a chur chéile chun cur le hacmhainn na Comhairle nuair is gá.

AG OIBRIÚ I GCOMHPHÁIRTÍOCHT:

De réir Straitéis Bhord Forbartha Chontae na Gaillimhe 2002 – 2012, is é An tAonad Bóithre agus Iompair príomhpháirt an Ghrúpa Comhordaithe Lánpháirtithe Iompair atá comhdhéanta d'ionadaithe ó ghrúpaí éagsúla a bhfuil leas acu i gcúrsaí a bhaineann le hiompar ar bhonn áitiúil agus ar bhonn náisiúnta araon: Iarnród Éireann, Bus Éireann, An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (an Iarthair) Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe Teo, Meitheal Forbartha na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, PAMBO, Cuideachta Chuan na Gaillimhe, An Roinn Iompair agus Comhairle an Lucht Trádála.

Lean An tAonad Bóithre agus Iompair de bheith gníomhach leis an An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta trí chruinnithe rialta chun cuidiú le clár oibre leathan a cheapadh agus a sheachadadh don Ghaeltacht agus d'Oileáin an Chontae atá amach ón gcósta.

Reáchtáladh 4 chruinniú ar an iomlán le hÚdarás na Gaeltachta i rith na bliana 2007 a dhírigh ar raon leathan saincheisteanna comhleasmhara lena n-áirítear:

- Pleananna Gnímh an Údarás don Ghaeltacht.
- Saincheisteanna Pleanála agus Forbartha.
- Saoraidí Áineasa agus Taitneamhachta.
- Forbairt na nOileán.
- Bainistiú Trácht.

AN TAONAD TITHÍOCHTA & ÉIGEANDÁLA



Frank Gilmore
Stíúrthóir Seirbhísí

Lean an tAonad Tithíochta le soláthar cóiríocht tithíochta cúí a chur chun cinn agus le seirbhís tithíochta níos freagarthaí a chur ar fáil dóibh siúd a raibh cuidiú ag teastáil uathu in 2007. Tugadh an tSeirbhís Éigeandála isteach faoi scáth an Aonad Tithíochta in 2007.

TÉAMA 1: FORBAIRT CHOTROMHAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH

FÁIL TALÚN

Chun na Cláir Tógála Tithíochta a éascú faoi láthair agus amach anseo, faigheann an Chomhairle (tógann an Chomhairle seilbh) ar thalamh ó am go ham. Athbhreithnítear agus tugtar cothrom le dáta ar bhonn rialta an banc talamh, agus le linn na bliana 2006, ceannaíodh talamh i gCloch na Rón, i Leitir Móir agus i Ros an Mhíl.

TÉAMA 2: AN COMHSHAOL A CHAOMHNÚ AGUS A FHEABHSÚ

SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN

Leanadh leis an Computer Aided Mobilisation Project (CAMP) a leathadh amach i stáisiúin choimeádta Chontae na Gaillimhe. Cuireadh an tionscadal i gcrích sna stáisiúin seo leanas in 2007: Tuaim, Baile Locha Riach, Béal Átha na Sluaighe, Baile Átha an Rí, An Creagán, An Clochán and An Gort. Faoi lár na bliana 2008 áireofar na stáisiúin atá fanta i dtionscadal CAMP. Tá an Clár Forbartha Mór-Éigeandála 2006-2008 faoi bhealach agus caithfear é a fheidhmiú faoin 30 Meán Fómhair 2008. Tá suíomh faighte i dTuaim ag an gComhairle do Stáisiún Dóiteáin nua agus tá sé ar an gclár lena chríochnú faoi lár na bliana 2010.

In 2007 ba 3.33 nóiméad an meán-am a thóg sé briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha agus 4.62 nóiméad i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin coimeádta). Áirítear i measc cúraimí na Seirbhíse Dóiteáin cigireacht a dhéanamh agus Teastais Shabháilteachta a eisiúint. Ba é 458 líon iomlána na n-iarratas ar Theastais Shabháilteachta Dóiteáin a próiseáladh sa bhliain 2007.

TÉAMA 3: POBAIL INBHUANAITHE A FHORBAIRT

CLÁIR TITHÍOCHTA

Déanann an Chomhairle Measúnú reachtúil ar Riachtanas Tithíochta gach 3 bliana – fuarthas amach ag an measúnú deiridh an 31/03/05 go raibh gá ag 883 iarratasóir le tithíocht shóisialta. Má chuirtear san áireamh iarratais a fíréadh ón am sin, bhí 1,643 iarrthóir ceadaithe ar an Liosta Feithimh Tithíochta ag deireadh 2007.

Is féidir soláthar Tithíochta Sóisialta de chuid na Comhairle a bhaint amach trí thithe nua a thógáil, athleithdháileadh ar thithe atá ann cheana, ceannach tithe, nó ríomh-soláthair aonaid tithíochta faoi Chuid V den Straitéis Tithíochta. Léiríonn an tábla seo a leanas líon na dtithe a leithdháileadh do dhaoine ar an liosta feithimh trí na cláir seo i 2007:

Clár	Uimh. leithdháilte
Soláthar tithe nua/ceannaithe	154
Straitéis Tithíochta – Cuid V	21
Athleithdháileadh tithe atá ann cheana trí chorr-fholúntais	70
Leithdháilte lomlána i 2007	245

CLÁR CAIPITIL TITHÍOCHTA

Leanann ár bPlean Gnímh um Thithíocht Shóisialta Inacmhainne 2004 – 2008 lena chuid spriocanna a bhaint amach le hathbhreithniú deiridh bliana stiúrtha agus comhaontaithe leis An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

Ag deireadh 2007, bhí 128 teach Sóisialta ar fad a dtógáil trí na scéimeanna seo a leanas:



Tithíocht Sóisialta ag Garraí an Chlochair

Suíomh	Líon Tithe in aghaidh na Scéime
Port Omna	3
Baile Locha Riach	17
An Cheathrú Rua	14
An Ráithín, Baile Átha an Rí	50
Carna	4
Páirceanna San Labhrás Baile Locha Riach	6
Mainistir Chnoc Muaidhe	10
Ceantair Tuaithe	24

SÍNEADH AR THITHÍOCHT ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Cheadaigh an Chomhairle 9 síneadh le linn na tréimhse 1 Nollaig go 31 Nollaig, 2007. Tugadh aon cheann déag d'aonaid chun chríche agus tá 3 cinn ag dul chun cinn

OBÁIR DHEISIÚCHÁIN

Tugadh suirbhé ar na tithe ar fad a tógadh roimh 1985 chun chríche. Tá scéim dheisiúcháin Ceadaithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Tá oibreacha ag dul ar aghaidh go leanúnach ar an scéim seo ar a n-áireofara soláthar ballaí teorainneacha, tírdhreachú, athchóiriú seachtrach agus inmheánach, umair sheipteacha, ect.

TITHÍOCHT INACMHAINNE

Tá Clár Tithíochta Inacmhainne bunaithe agus tá tuairim is 600 iarratas cláraithe. Déantar leithdháileadh ar aonaid inacmhainne do réir scéime do Thithíocht Inacmhainne arna glacadh ag an gComhairle. Tá 297 Tithe Inacmhainne curtha ar fáil i mBaile Locha Riach, Baile Átha an Rí, Port Omna, Tuaim, Mainistir Chnoc Muaidhe, An Creagán, Tíne agus Cora Finne.

STRAITÉIS TITHÍOCHTA

Faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú 2002, fuair an tÚdarás Áitiúil aonaid i bhforbairt príobháideacha atá leithdháilte ar iarrthóirí ar Chláir Thithíochta

Shóisialta agus Inacmhainne.

I 2007, leithdháileadh 25 teach ar cheannaitheoirí Tithe Inacmhainne agus leithdháileadh 21 teach ar iarrthóirí Tithíocht Sóisialta. Go dtí seo, tá 109 aonad faighte faoi Chuid V. Áirítear ar na láithreáin seo, An Clochán, Orán Mór, Cinn Mhara, Baile Locha Riach, Gort, Tuaim, Áth Cinn agus Maigh Cuilinn. Tá Comhaontuithe foirmiúla i bhfeidhm chun 75 teach breise a fháil.

Tá an Straitéis Tithíochta leasaithe á athbhreithniú faoi láthair.

TIONSCNAMH UM THITHÍOCHT INACMHAINNE

Faoi Chomhaontú na Comhpháirtíochta Sóisialta ar Dhul Chun Cinn a Chothú, bunaíodh an Tionscnamh um Thithíochta Inacmhainne (AHI) Is í an fheidhm atá leis ná tithe a sholáthar dóibh sin a mbeifí ag súil go gceannóidís teach óna n-acmhainní féin san am a caitheadh, ach nach bhfuil in acmhainn acu sin a dhéanamh sa mhargadh tithíochta reatha. Tá 62 teach (ADI) á dtógáil faoi láthair i nGort na hAbhann, Baile Átha an Rí.

TITHÍOCHT DHEONACH

Léiríonn an tábla seo a leanas tionscadail Scéim Chúnamh Caipitil & lasachtaí Caipitil agus Fóirdheontais a tosaíodh i 2007.

Suíomh	Líon Aonaid
Cill Íomair.	5
Orán Mór	5

Lean na hAonaid Tithíochta de bheith i mbun idirchaidrimh leis na Príomhchomhlachtaí Tithíochta Deonacha le súil iad a spreagadh le haschur a ardú.



TÉAMA 4: CUR LE CUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS RIALACHAS ÁITIÚIL

SEIRBHÍSI TITHÍOCHTA – COISTE POLASAÍ STRAITÉISIGH(SPC)

Bhí 3 chruinniú ag SPC Tithíochta i rith 2007. Rinne an SPC athbhreithniú agus ceadú ar na saincheisteanna agus ar na polasaithe seo a leanas i rith na bliana; Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas, Scéim Deontais d'Áiseanna Soghluasteachta agus Cabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta. Rinne an CPS athbhreithniú agus moladh ar Dhréachtpholasaí Carabhán/Tithe Soghluaste le glacadh ag an gComhairle.

CLÁIR THITHÍOCHTA

Riarann an tAonad Tithíochta réimse scéimeanna iasachtaí agus deontais dírithe ar chabhrú le daoine atá ag cur tithíochta ar fáil dóibh féin. Chomh maith leis sin, riarann an tAonad cláir agus tionscnaimh ar leith dírithe ar chabhair agus spreagadh a thabhairt do rannpháirtíocht, laistigh de chatagóirí áirithe riachtanas.

Scéim	Líon ceadaithe i 2007
Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas	225
Deontais Deisiúcháin Riachtanacha	261
Iasachtaí Oibreacha Feabhsúcháin	4
Iasachtaí Tithíochta	1
Úinéireacht Roinnte	2
Scéim Cheannaigh Tionónta	13

Tá trí dheontas nua tithíochta - Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas, an Scéim Deontais d'Áiseanna Soghluasteachta agus Cabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta anois tagtha in áit Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Deontais do Dheisiúcháin Riachtanacha Beidh feidhm leo seo ón 1/11/07

AN SCÉIM CÓIRÍOCHTA AR CÍOS

Scéim náisiúnta is ea an Scéim Cóiríochta ar Cíos (RAS) do dhaoine atá ag fáil forlíonadh cíosa agus a bhfuil riachtanas tithíochta fadtréimhseacha acu. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag leathadh amach na scéime seo faoi láthair ar bhonn céimnithe ar fud an Chontae, agus freisin ag feidhmiú na scéime do bhaile Bhéal Átha na Sluaighe.

Tá an scéim seo ag baint le foinsí cóiríochta an Údarás Áitiúil, ag aistriú daoine le riachtanas fadtréimhseach chuig an Údarás Áitiúil; dul isteach i gcomhaontuithe conarthacha le Tiarnaí Talún; socrú íocaíochtaí cíosa; agus cúiteamh ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

Tá roinnt sochair ar fáil dóibh sin atá incháilithe do RAS. Áirítear orthu seo slándáil a dhéanamh ar sholáthar tithíochta fadtréimhseacha agus rochtain ar raon tacaíochtaí tithíochta. Leanfaidh an RAS i dtreo feabhsúcháin a dhéanamh ar chineál agus chaighdeán cóiríochta tithíochta. Faoi dheireadh, má fhaigheann tú post, is féidir leat fanacht le RAS agus leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag íoc cíosa le do Thiarna Talún ach caithfidh tú ranníocaíocht bhreise a íoc i dtreo do chuid cíosa.

Tá 126 Duine a bhí ag fáil forlíonadh Cíosa aistrithe ag an gComhairle Contae ón HSE agus 126 Conarthaí curtha isteach le Tiarnaí Talún Príobháideacha.

CAIGHDEÁIN DO THEAGAISÍ AR CÍOS

Éilíonn a tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 clárú tionóntachtaí leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideach. Tá an clár atá foilsithe ar fáil ar láithreán gréasáin an Boird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideach. Tá cigireacht déanta ag an gComhairle ar 126 maoin go dtí seo chun a chinntiú go gcomhlíontar caighdeáin do thithe príobháideacha ar cíos agus a chinntiú go bhfuil leabhair



Árasáin Tithíocht Sóisialta ag An Seanmhúileann, Sun Street, Tuaim, Co. na Gaillimhe.

chíosa á n-eisiúint. Theip ar cúig theach déag na caighdeán a bhaint amach. Eisíodh fógraí iomchuí sna cásanna seo.

CÓIRÍOCHT AGUS TACAÍOCHTAÍ DON LUCHT SIÚIL

Leagann an Clár um Chóiríocht don lucht Siúil 2005-2008 amach aidhmeanna na Comhairle do chóiríocht lucht siúil i sainchóiríocht don Lucht Siúil, ar nós grúpithíochta agus láithreacha stad, chomh maith le cóiríocht i ngnáth-thithe agus tithe aonair a ceannaíodh. Is é sprioc fhorimlán an phlean 4 bliana ná cóiríocht a chur ar fáil do 113 teaghlach. Cuireadh cóiríocht ar fáil do 36 teaghlach i gcineálacha éagsúla cóiríochta i rith 2007, rud a chiallaigh gur cuireadh cóiríocht ar 108 teaghlach faoin gClár faoi dheireadh 2007. Leagadh amach an Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil ar dtús báire i gcomhairle leis an gCoiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC), ar a bhfuil daoine den lucht siúil, comhaltaí tofa, agus oifigí na Comhairle. Bhí cruinniú ag an gCoiste i Samhain 2007 chun athbhreithniú lár-téarma a dhéanamh ar an gClár um Chóiríocht don Lucht Siúil a thabhairt chun chríche – Níor dearnadh aon mhóráthruithe ar spriocanna an Chláir dá thoradh seo. Reáchtáiltear cruinnithe Coiste go rialta chun plé a dhéanamh ar pholasaí agus ar shaincheistean leanúnacha maidir le cóiríocht agus tacaíochtaí don lucht siúil.

Rinneadh an Comhairleamh Bliantúil de Theaghlach Lucht Siúil agus a seasamh cóiríochta ar an 30ú Samhain 2007, agus léirigh sé go raibh 502 teaghlach den lucht siúil ina gcónaí i gContae na Gaillimhe. Cé go bhfuil líon ard teaghlach bunaithe i gcineál éigin cóiríochta údaráis áitiúil, tá roghanna tithíochta eile ar nós tithíocht phríobháideach ar cíos agus an Scéim Cóiríochta ar Cíos ag teacht chun cinn mar na roghanna is fearr le roinnt teaghlach rud a éascaíonn lánpháirtíú sóisialta.

Comhoibríonn foireann an Aonaid Tithíochta le gníomhaireachtaí eile ar bhonn leanúnach ag leibhéal na ndaoine ag cur seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil don lucht siúil. Tá Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil freisin ag an gComhairle faoi choimirce Bhord Forbartha an Chontae, atá leagtha amach chun feabhas agus lánpháirtíú a dhéanamh ar straitéisí gníomhaireachtaí poiblí éagsúla i bhfeidhmiú thionscnaimh shainiúla agus bearta don Lucht Siúil. Áirítear ar na tionscadail shonracha a maoiníodh faoin Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, tionscadal amharcealaíona i bPort Omna, tionscadal scannán i mBaile Locha Riach agus Post mar Chomhordaitheoir ar Chlár um Thacaíocht Teaghlach don Lucht Siúil in Oirdheiscirt na Gaillimhe.

EASPA DÍDINE

Soláthraíonn an tAonad Tithíochta cúnamh do dhaoine a mheastar a bheith gan dídean. Le linn 2007, cuireadh cóiríocht ar 33 duine i gcóiríocht éigeandála go dtí go bhfuair siad cóiríocht phríobháideach le cúnamh liúntas cíosa, agus tugadh cúnamh do roinnt daoine trí chóiríocht buan i dtithíocht údaráis áitiúil nó tithíocht dheonach.

COTHABHÁIL TITHE

Faoin gClár Téimh Lárnaigh, cuireadh isteach teas lárnach i 423 teach Comhairle go deireadh 2007, agus tabharfar an clár chun chríche i 2008. Rinneadh oibreacha cothabhála ar bhonn tosaíochta ar thithíocht le linn na bliana, lena n-áirítear oibreacha cothabhála ar thithe folamha chun éascú iad a athligeran.

AN TAONAD UM PLEANÁIL & FORBAIRT INBHUANAITHE



Paul Ridge
Stiúrthóir Seirbhísí

Cuireann an tAonad um Pleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe forbairt chun cinn agus déanann sé rialú air chun ardchaighdeán comhshaoil a chruthú, áit ar féidir le daoine maireachtáil i bpobail fhuinniúla; áit a mbeidh meas ar éagsúlacht chultúir agus a spreagtar é agus áit ar féidir le gach duine a bheith lánpháirteach i saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha agus a mbeidh rochtain ag daoine ar leibhéal réasúnach seirbhísí agus infreastruchtúr.

Rinneadh go leor dul chun cinn le linn 2007.

Tá ceithre phríomhrannóg sa Roinn (1) An Pleanáil Chun Cinn (2) An Rialú Pleanála. (3) An Forfheidhmiú (4) Rialú Foirgneamh. Feidhmíonn an Rannóg Pleanála Siopa Léarscáileanna freisin thar ceann an Oifig Suirbhéireachta Ordanáis.

TÉAMA 1: FORBAIRT CHOTHROMAITHE AGUS INBHUANAITHE A BHAINT AMACH

PLEANÁIL CHUN CINN

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as taighde, as ullmhú agus táirgíocht Phleananna forbartha go léir. I láthair na huairé, tá 1721 heicteár tailte críosaithe d'úsáid chónaitheach sa Chontae a bhfuil 913 heicteár de tearcfhorbartha fós.

Glacadh le Dhá Phlean Limistéir Áitiúil i mbliana, Droichead an Chláirín agus Bearna. Tá obair tosaithe d'athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae agus rinneadh athruithe ar an bPlean forbartha Contae 2003 –2009 chun leasuithe a dhéanamh ar chuspóirí 10 – 23 agus polasaithe 34 – 43 san áireamh a bhaineann le forbairtí mótarbhealaí/carrbhealaí atá beartaithe.

Glacfar le Plean Limistéir Áitiúil don Ghaeltacht i Feabhra 2008. Mar chuid den phróiseas réamhdhréachta comhairliúcháin phoiblí d'ullmhú Plean Limistéir Áitiúil don Ghaeltacht, tionóladh go leor cruinnithe poiblí ar fud na Gaeltachta agus Oileáin Árann san áireamh.

Tá obair tosaithe ar choincheap dhréachtphlean Limistéir Áitiúil do Chnoc Mhaoil Drise.

Tá comhairleoirí ceaptha chun creat pleanála a ullmhú do limistéar Na nArdán agus táthar ag súil dréacht a bheith ar fáil don phlean seo sa bhliain nua.

Eagraíodh ceardlann phoiblí freisin sa Chlochán ar 17 Bealtaine 2007 mar chuid den chéim chomhairliúcháin réamhdhréachta do Phlean Limistéir Áitiúil a ullmhú don Chlochán a ndearna thart ar 85 duine freastal air.

Rinne an cheardlann phoiblí iniúchadh ar shaincheisteanna lárnacha atá os comhair phleanáil chúig agus forbairt inbhuanaithe an Chlocháin. Dhírigh an cheardlann go háirithe ar thuairimí agus ar inní na rannpháirtithe ar cén chaoi leis an

gClochán a fhorbairt amach anseo.

Táthar ag súil dréachtphlean Limistéir Áitiúil don Chlochán a bheith ar taispeántas phoiblí 2008.

Pleananna ar glacadh leo

Droichead an Chláirín	Glactha i mí Bealtaine 2007
Bearna	Glactha i mí na Nollag 2007
An Ghaeltacht, An Spidéal agus an An Cheathrú Rua san áireamh	Glactha i mí Feabhra 2007

Leasú ar

Maigh Cuilinn	Glactha i mí na Márta 2007
---------------	----------------------------

Tosaíodh i 2007

An Clochán	Beidh dréachtphlean áitiúil ar taispeántas phoiblí i 2008
------------	---

Tosaíodh i 2007

Cnoc Mhaoil Drise	Tá Plean Gnímh Áitiúil i ndréacht i láthair na huairé.
-------------------	--

Leanúnach

Na nArdán	Tá grúpa stiúrtha socraithe suas leis an gComhairle Cathrach le Creat Coincheapa Pleanála a ullmhú don limistéar seo. Tuairisceoidh an grúpa stiúrtha ar an gcreat laistigh de chúpla seachtain.
-----------	--

Tosaíodh i 2007

	Dréachtphlean Forbartha Contae arna mbreithniú ag comhairleoirí – Le dul ar Taispeántas Phoiblí ar 15/08/2008
--	---

ATHNUACHAN UIRBEACH AGUS SRÁIDBHAILTE

Dámhadh an leithdháileadh is airde díreach faoi €1,500,000 i Réigiún na Teorann, Lár-Tíre agus an Iarthair ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe d'Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte do 2006/2007



Ag cur le seirbhísí custaiméara le 'Plan Reg' tríd an Teirminéal Poiblí So-aimsithe

Tá an obair ar siúl i gcónaí ar thionscadail athnuachana agus uirbeacha a thabhairt chun chríche i mbailte agus i sráidbhailte Bhéal Átha na Sluaighe, Áth Cinn, An Gort, An Cloigeann agus An Cladach Dubh, An Spidéal, Baile Liam agus Gleann na Madadh. Áirítear ar na moltaí feabhas a chur ar chearnóga sráidbhailte agus bailte, ar bhealaí isteach ar an mbaile /an chéad tuairim, tírdhreachtú ar shiúlóidí cois abhann, feabhas ar shráid-dhreach rí.

AN RANNÓG FORBARTHA BAINISTÍOCHTA

Ghlac an Rannóg Forbartha Bainistíochta le 5244 iarratas pleanála ar cuireadh 135 acu ar ais mar bhí siad neamhbhailí. Tugadh ceadú do 4290 aonid cónaitheach ar an iomlán ar thithe cónaithe aonuaire iad 1682 acu, arbh árasáin 482 acu agus 2138 teach cónaithe a ceadaíodh in eastáit dhá theach nó níos mó.

Tháinig iomlán na dtáillí pleanála a fuarthas go €2,625,580
Tháinig iomlán na ranníocaíochtaí a fuarthas go €9,983,554.

BEARTA FORFHEIDHMITHE

Féachann Comhairle Chontae na Gaillimhe de réir cheanglais reachtúla mar atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 arna leasú agus Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001- 2007 go gcloítear le ceadúnais pheanála a dhaingniú agus forbairt neamhúdairithe a chosc. Déantar gach iarracht cloí leis an gcód pleanála trí chomhaontú a dhéanamh ach glacfar gníomhaíochtaí forfheidhmithe más gá.

Bhí bliain an-ghnóthach ag an rannóg fhorfheidhmithe anuraidh, scrúdaigh an rannóg 566 cás nua. Eisíodh 586 litreacha rabhaidh agus 198 fógraí forfheidhmithe i 2007. Cuireadh 62 cás ar an iomlán faoi bhráid ár ngníomhaire dlí d'imeachtaí dlíthiúla.

RIALÚ FOIRGNÍOCHTA

Bhí bliain an-rathúil ag an rannóg seo a riarann tógáil isteach

eastát titheochta, seacht gcinn acu atá liostaithe thíos agus ar moladh don rannóg bóithre go nglacadh Comhairle Chontae na Gaillimhe a gcúram.

Hillcrest, Tuaim
Ionad Abbey Trinity, Tuaim
Baile Glás, Port Omna
Lambert Court, Baile Átha an Rí

Blackacre, Tuaim
Barrack Square, An Dún Mór
The Maples (Céim 2), An Gort.

Faoin Acht um Rialú Foirgníochta,

Uimh. fógraí tosach feidhme a fuarthas : 2074

Uimh. iarratais sábháilteachta dóiteáin bhailí a fuarthas: 224

OIDHREACTH

Tá an Oifig Oidhreachta tiomanta fealsúnacht nua a fhorbairt dár n-oidhreacth, bunaithe ar inbhuanaitheacht agus ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht pobail a éascú le cuspóirí oidhreachta a bhaint amach. Oibreoidh an Oifig Oidhreachta go dian ag forbairt na fealsúnachta nua le atmaisféar comhoibritheach agus muiníne a chothú i measc na bpobal agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta go léir a bhfuil freagracht ár n-oidhreachta orthu.

Ag teacht le aidhmeanna agus cuspóirí na hOifige, táthar i mbun na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

- Comhairle a thabhairt do dhaoine aonair agus do ghrúpaí pobail araon maidir le míreanna sainiúla oidhreachta.
- Cúnamh do dhaoine aonair agus do ghrúpaí pobail araon i bhforbairt agus i ndul chun cinn polasaí/dearcadh gníomhach oidhreachta.
- Eolais oidhreachta a fhaightear ó Chomhlachtaí Poiblí agus Náisiúnta a scaipeadh trí grúpálacha gréasáin seandálaíochta, stairiúil agus oidhreachta agus an Fóram Pobail.
- Pointe tagartha lárnach a chur ar fáil dóibh sin a bhfuil suim acu in oidhreacth sa tír.



Deasc Custaiméara Seirbhísí Pleanála

FÓRAM OIDHREACHTA CHONTAE NA GAILLIMHE

Tá Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe comhdhéanta de leasanna earnálacha, ar nós Rialtas Áitiúil, An Bord Forbartha Contae, uinéirí talún agus feirmeoirí, Gníomhaireachtaí Stáit, gníomhaireachtaí forbartha áitiúla, an earnáil oidhreachta agus oideachais agus an earnáil phobail agus dheonach. Grúpa comhairleach is ea an Fóram a bunaíodh chun comhairle a chur ar fáil maidir le forbairt agus feidhmiú Phlean Oidhreachta an Chontae. Bhí cruinniú ag bhFóram i rith na bliana chun athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus sheachadadh gníomhartha atá sa Phlean Oidhreachta Contae agus freisin le comhaontú ar ghníomhartha atá le déanamh.

PLEAN OIDHREACHTA CHONTAE NA GAILLIMHE 2004-2008

Tionscadail an Phlean Oidhreachta arna maoiniú ag an gComhairle Oidhreachta agus Comhairle Chontae na Gaillimhe in 2007:

1. 'People and Nature' Tionscadal Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe
2. Suirbhé fáilta sceach – Cuid 2 – Toghcheartair Chonamara agus Suirbhéireacht ar Theorainneacha Bhailte Fearainn
3. Suirbhé Reilige
4. Clár Comhairle Shéadchomharthaí Amuigh

Tionscadail bhailte múrtha maoinithe ag an gComhairle Oidhreachta agus ag Comhairle Chontae na Gaillimhe & DoEHLG

5. Plean Caomhnaithe agus Bainistithe Bailte Múrtha Bhaile Átha an Rí
6. Oibreacha Caipitil Bailte Múrtha Bhaile Átha an Rí - Ullmhúchán sceideal d'oibreacha caomhnaithe ar Thúr Theas Bhallaí Baile Bhaile Átha an Rí

Tionscadail Plean Oidhreachta an Chontae de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe

7. Tionscadal Comharaíochta Oirthir na Gaillimhe
8. Golden Mile of Galway 2007 – Fuarthas cúig iarratas is fiche don Chomórtas seo. Bhí Bronnadh na ngradam Golden Mile agus seoladh Féilire Golden Mile ann ar an 12/12/2007 in Ostán Bhaile Chláir na Gaillimhe
9. Léamh na Tírdhreacha: Cúrsa An Chúil
10. Lá Bailte Múrtha na hÉireann/Deisiúcháin Ionaid Oidhreachta Bhaile Átha an Rí
11. Oidhreachta: Clár do Scoileanna
12. Gradaim Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2007 – Reáchtáladh Searmanas Bronnta Oidhreachta an Chontae in Ostán Bhaile Chláir na Gaillimhe ar an 28ú Lúnasa 2007. D'fhreastail os cionn 200 duine ar an searmanas bronnta. Bronnadh gradaim ar gach ceantar toghchánaíochta chomh maith le gradaim ar an tionscadal scoile ab fhearr, (urraithe ag Ionad Oideachais na Gaillimhe) Gradam foilseacháin oidhreachta ab fhearr (urraithe ag Forbairt Tuaithe na Gaillimhe) agus an gradam oidhreachta ab fhearr ar fad.
13. Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta
14. Staidéar Scoipeála Bogach
15. Staidéar an Eiscir: Gné Geolaíochta
16. Scéim Dheontais Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe - €50,000. – Chuir caoga seacht pobail agus grúpaí oidhreachta isteach ar mhaoiniú faoi Scéim Dheontais Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2007. Áirítear ar na tionscadail: Foilseacháin Oidhreachta, mapáil gnáthóige, seandálaíocht, Tionscadail Idirghlúine, agus tionscadail feasachta oidhreachta.
17. Comórtas (Áitiúil) Grianghrafach Bailte Múraite Bhaile Átha an Rí
18. Sparántacht Oidhreachta do GMIT – An mac léinn is fearr staidéar Oidhreachta

CAOMHNÚ

Áirítear ar obair an Oifigigh Caomhnaithe Ceantair ionchur in iarratais phleanála d'oibreacha ar Struchtúir faoi Chosaint agus laistigh do Cheantair Chaomhnaithe Ailtireachta, comhairleacháin réamhphleanála agus comhairle ar chaomhnú ailtireachta laistigh den údarás áitiúil agus den phobal i gcoitinne. Coimeádtar idirchaidreamh freisin le Seirbhís Comhairle Oidhreachta Ailtireachta na Ranna Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta.

Leanfar ag déanamh sainaitheint nua ar fhiúntas déanamhas oidhreachta ailtireachta agus a n-áireamh i mbunachar sonraí AIS ar bhonn leanúnach mar fhreagra ar cheisteanna ón bpobal.

Ní raibh aon chur le ná baint ó Thaifead na nDéanamhas Cosanta in 2007. Bhí €183,000 i leithdháileadh na Roinne do Dheontais Caomhantais 2007, a bhfuarthas 52 iarratas orthu. Leithdháileadh €183,000 faoi Scéim Deontas Déanamhas Cathartha d'oibreacha caomhnaithe i gContae na Gaillimhe.

Reáchtáladh siompóisiam ar Thuíodóireacht in Inis Oírr in Meán Fómhair, a ndearna úinéirí/áititheoirí agus tuíodóirí freastal maith air.

Tá sraith de 6 thuras siúil de na príomhbhaite agus d'oidhreachta eaglasta d'Oirthear na Gaillimhe ar fáil anois le híoslódáil ar podcraoladh /CD.

D'ullmhaigh Baile Átha an Rí mar chomhalta den Ghréasán na mBailte faoi Bhallaí Plean Caomhnaithe agus Bainistíochta faoi oibreacha atá molta le deisiú a chur ar thúr a bhfuil dochar déanta dó.

TÉAMA 4: CUR LE CUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS RIALACHAS ÁITIÚIL

AN COISTE POLASÁI STRAITÉISIGH

Bhí sé chruinniú ag an gcoiste i gcaitheamh na bliana, faoi chathaoirleacht an Chomhairleora Seamus Walshe, agus rinne

an coiste roinnt beartas ó thaobh Pleanála le linn 2007 a dhéanamh agus a athbhreithniú. Áirítear iad seo a leanas ar na príomh-shaincheisteanna a bhí á bplé:

- Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae
- Straitéis Spáis an Chontae
- Teileachumarsáid
- Coincheap na nArdán

TÉAMA 6: CUR LE HÉIFEACHTACH AGUS LE HÉIFEACHTÚLACHT EAGRAÍOCHTÚIL

Tá 31 ball foirne riaracháin agus 32 ball foirne Gairmiúil ar líon iomlán na foirne sa Roinn Pleanála.

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- (1) Reáchtáladh Seimineár Pleanála i mí na Bealtaine 2007 in Óstán Bhaile Chláir, seimineár ar éirigh go han-mhaith leis agus a bhí lán go doras. I láthair ag an seimineár bhí gníomhairí phleanála, ailtirí, innealtóirí, daoine den phobal, baill tofa den Chomhairle agus baill foirne na Comhairle. Ar na hábhair a bhí á bplé bhí na Treoirí nua faoi Bhainistiú Forbartha, arna n-eisiúint i mbliana ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Reachtaíocht Fhorfheidhmithe, Comhtháthú Pleanála, ceanglais maidir le Dearadh Bóithre agus forléargas ar phleanáil.
- (2) Tá na foirmeacha go léir a bhaineann le pleanáil ar fáil anois go dátheangach agus is féidir teacht orthu freisin ar an láithreán gréasáin.
- (3) Ceapadh Pleanálaí le Gaeilge chun freastal ar chustaiméirí ar mian leo dul i mbun a gcuid gnó phleanála trí mheán na Gaeilge.
- (4) Is go leictreonach a eisítear gach tarchur chuig na comhlachtaí reachtúla anois.
- (5) Tá siopa na léarscáileanna i mbun gnó le roinnt blianta agus gach cineál léarscáil suirbhéireachta ordanáis ar fáil ann. Is iontach an tseirbhís í sin do chustaiméirí ar mian leo iarratais phleanála nó eile a dhéanamh. Cuireadh 5676 idirbheart i gcrích sa bhliain 2007.

AINMNITHIGH NA COMHAIRLE CHUN COISTÍ & COMHLACHTAÍ EILE

GALWAY HARBOUR COMPANY

- An Comhairleoir Sean Kyne

COMHCHOISTE DRAENÁLA AN FHORGAIS

- An Comhairleoir Michael Regan

COMHCHOISTE DRAENÁLA NA SUCA

- An Comhairleoir Tomas Mannion
- An Comhairleoir Michael Connolly
- An Comhairleoir Joe Tierney
- An Comhairleoir Dermot Connolly
- An Comhairleoir Michael Mullins
- An Comhairleoir Peter Feeney

IONTAOBHAI THE LOINGSEOIREACHTA LOCH COIRIB

- An Comhairleoir Sean Kyne

ÚDARÁS RÉIGIÚNACH AN IARTHAIR

- An Comhairleoir Michael Regan
- An Comhairleoir Tom Reilly
- An Comhairleoir Tiarnan Walsh
- An Comhairleoir Peter Feeney
- An Comhairleoir Michael Mullins
- An Comhairleoir Dermot Connolly
- An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig

COISTE OIBRÍOCHTA AE ÚDARÁS RÉIGIÚNACH AN IARTHAIR

- An Comhairleoir Tiarnan Walsh

COMHTHONÓL RÉIGIÚNACH NA TEORANN, LÁR-TÍRE AGUS AN IARTHAIR

- An Comhairleoir Michael Regan
- An Comhairleoir Dermot Connolly
- An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig

COISTE COMHAIRLEACH ÁITIÚIL DO CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

- An Comhairleoir Tom Reilly
- An Comhairleoir Tomás Mannion
- An Comhairleoir Sean Ó Tuairisg
- An Comhairleoir Pat Hynes
- An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig
- An Comhairleoir Tom McHugh
- An Comhairleoir Peter Feeney
- An Comhairleoir Bridie Willers

BORD FIONTAIR CHONTAE AGUS CHATHAIR NA GAILLIMHE

- An Comhairleoir Michael Carey

CUIDEACHTA FORBARTHA TUAITHE NA GAILLIMHE

- An Comhairleoir Thomas Welby
- An Comhairleoir Peter Feeney
- An Comhairleoir Colm Keaveney

ATHENRY HERITAGE AND TOURISM CO. LTD.

- An Comhairleoir Peter Feeney
- An Comhairleoir Michael Maher

IRISH PUBLIC BODIES MUTUAL INSURANCES LTD.

- An Comhairleoir Sean Kyne

ARDCHOMHAIRLE NA GCOMHAIRLÍ CONTAE

- An Comhairleoir Mary Hoade
- An Comhairleoir Jarlath McDonagh
- An Comhairleoir Sean Canney

FÁILTE AN IARTHAIR TEORANTA

- An Comhairleoir Sinead Connaughton

COISTE TUARASÓIREACHTA AN CHONTAE

- An Comhairleoir Bridie Willers

COISTE AN CHONTAE (ÁITIÚIL) DO MHONATÓIREACHT AR UISCE TUAITHE

- An Comhairleoir Michael Connolly
- An Comhairleoir Sinead Connaughton
- An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig

COISTE OIDHREACHTA BHAILE LOCHA RIACH

- An Comhairleoir Bridie Willers
- An Comhairleoir Pat Hynes

COISTE COMHAIRLEACH AERFORT CHNOC MUIRE

- An Comhairleoir Peter Feeney

AERFORT NA GAILLIMHE

- An Comhairleoir Michael Carey

AN GRÚPA COMHORDAITHE D'ÍOMPAR COMHTHÁITE

- An Comhairleoir Sean Canney

LAMA

- An Comhairleoir Jarlath McDonagh

CUMAS TEO., COMHPHÁIRTÍOCHT CHONAMARA AGUS ÁRANN

- An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig
- An Comhairleoir Sean Ó Tuairisg

STIÚRTHÓIR IONAD EALAÍON NA GAILLIMHE

- An Comhairleoir Michael Carey

COISTE IARNRÓID IDIR-CHONTAE AN IARTHAIR

- An Comhairleoir Mary Hoade
- An Comhairleoir Michael Connolly
- An Comhairleoir Tom McHugh
- An Comhairleoir Peter Feeney
- An Comhairleoir Bridie Willers

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE

- An Comhairleoir James Joyce
- An Comhairleoir Michael Connolly
- An Comhairleoir Sean Ó Tuairisg
- An Comhairleoir Tiarnan Walsh
- An Comhairleoir Michael Carey
- An Comhairleoir Michael Mullins
- An Comhairleoir Jarlath McDonagh
- An Comhairleoir Sinead Connaughton
- An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig

COISTE TALMHAÍOCHTA AGUS FORBARTHA TUAITHE CHONTAE NA GAILLIMHE (CCARD)

- An Comhairleoir Joe Tierney
- An Comhairleoir Dermot Connolly

COISTE IDIRCHADRIMH CHATHAIR AGUS CHONTAE NA GAILLIMHE

- An Comhairleoir Bridie Willers
- An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig
- An Comhairleoir Peter Feeney
- An Comhairleoir Mary Hoade
- An Comhairleoir Jim Cuddy

BORD FORBARTHA CONTAE

- An Comhairleoir Pat Hynes
- An Comhairleoir Dermot Connolly
- An Comhairleoir Connie Ní Fhatharta
- An Comhairleoir Seamus Walsh
- An Comhairleoir Sean Canney
- An Comhairleoir Tiarnan Walsh

IONADAÍOCHT AR AN BHFÓRAM REIGIÚNACH SLÁINTE, FÓRAM AN IARTHAIR

- An Comhairleoir Colm Keaveney
- An Comhairleoir Bridie Willers
- An Comhairleoir Michael Mullins
- An Comhairleoir Tomás Mannion
- An Comhairleoir Josie Conneely

FÓRAM LEITIR FRAIC

- An Comhairleoir Sean Kyne
- An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig
- An Comhairleoir Seamus Walsh
- An Comhairleoir Thomas Welby

COMHDHÁIL OILEÁIN NA H-ÉIREANN

- An Comhairleoir Seosamh Ó Cuaig

COMHAIRLE COMHAIRLEACH CHEANTAR ABHANTRAÍ AN IARTHAIR

- An Comhairleoir Sean Ó Tuairisg

COMHAIRLE COMHAIRLEACH CHEANTAR ABHANTRAÍ NA SIONAINNE

- An Comhairleoir Michael Connolly
- An Comhairleoir Dermot Connolly

COMHDHÁLACHA A NDEARNA NA COMHALTAÍ FREASTAL ORTHU

	Comhdháil	Eagraithe ag	Ionad	Uimh. a d'fhreastail
